SPÓRT ÉIREANN FAOIN SPÉIR | SPORT IRELAND OUTDOORS

# Critéir Conairí Uisce d’Éirinn



Samhain 2021

Supported by Department of
Rural and Community Development

**Séanadh**

Is é atá sna critéir sa doiciméad seo treoirlínte ina leagtar amach an dea-chleachtas faoi láthair i dtaca le conairí uisce a fhorbairt. Ní liosta iomlán atá sna critéir agus tá seans ann nach gclúdófar iontu gach cás a thiocfadh chun cinn ar Chonair Uisce. Ba cheart do lucht a n-úsáidte a mbreithiúnas féin a thabhairt agus na treoirlínte seo á n-úsáid. Cé go bhféadtar conairí uisce a fhorbairt i gcomhréir leis na critéir seo, ní ghlacann Spórt Éireann le dliteanas as aon timpiste ná gortú a thiocfadh chun cinn de thoradh ar chonairí mar seo a úsáid.

Is é Outdoor Recreation Northern Ireland a d'ullmhaigh an foilseachán seo agus bhí ionchur ann ó Aontas Canúála na hÉireann, Tumadóireacht Éireann, Cumann Seoltóireachta na hÉireann agus Cumann Snámha na hÉireann.

**Grianghraif le caoinchead uathu seo a leanas**

Outdoor Recreation Northern Ireland – Clúdach Tosaigh, lch 17, lch 31
Cumann Seoltóireachta na hÉireann – lch 4, lch 12, lch 44
Tumadóireacht Éireann – lch 7
Finn Richards – lch 8
Cumann Snámha na hÉireann – lch 11, lch 14, lch 27, lch 30, lch 48, lch 53
Nancy Geary – lch 18
Patrick Bolger – lch 23
Stella Ribeiro ar Unsplash – lch38
Nacho Bilbao ar Unsplash – lch 43

# Clár na nÁbhar


**1 Réamhrá 4**

1.1 Cúlra 4

1.2 Cad is Conair Uisce ann? 4

1.3 Cad chuige a bhfuil Clár Náisiúnta na gConairí agus critéir le haghaidh conairí ann? 5

1.4 Na gnéithe is tábhachtaí le go mbeidh Conair Uisce shásúil ann 6

**2 Seicliosta de na Critéir 8**

**3 Gnéithe Bunúsacha 11**

3.1 Sábháilteacht 11

3.2 Comhaontú Rochtana 16

3.3 Inbhuanaitheacht Chomhshaoil 18

3.4 Bainistiú Conairí 21

3.5 Eolas do Chuairteoirí, Comharthaíocht agus Eispéireas Conaire 23

**4 Gnéithe a bhaineann le Gníomhaíocht faoi leith 30**

**5 Conairí Céaslóireachta 31**

5.1 Cad is Conair Chéaslóireachta ann? 31

5.2 Grádú Conairí Céaslóireachta 31

5.3 Treoirlínte maidir le Conairí Céaslóireachta 36

**6 Conairí Snorclála 38**

6.1 Cad is conair shnorclála ann? 38

6.2 Grádú Conairí Snorclála 38

6.3 Treoirlínte maidir le Conairí Snorclála 41

6.4 Dea-chleachtas Snorclála 43

**7 Conairí Cúrsála Báidín 44**

7.1 Cad is conair cúrsála báidín ann? 44

7.2 Grádú Conairí Cúrsála Báidín 44

7.3 Treoirlínte maidir le Conairí Cúrsála Báidín 46

7.4 Dea-chleachtas agus Conairí Cúrsála Báidín 47

**8 Conairí Snámha Faoin Aer 48**

8.1 Cad is Conair Shnámha Faoin Aer ann? 48

8.2 Grádú Conairí Snámha Faoin Aer 48

8.3 Treoirlínte maidir le Conairí Snámha Faoin Aer 51

**Aguisíní 53**

**Aguisín A:** Dliteanas Áititheoirí 54

**Aguisín B:** Teimpléad Samplach don Mheasúnú Riosca 56

**Aguisín C:** Bonneagar Conairí Céaslóireachta – Moltaí Eile 57

**Aguisín D:** Fánán Conairí Cúrsála Báidín Moltaí Eile 60

**Aguisín E:** Speictream Rialaithe Rioscaí an VSG (Grúpa Sábháilteachta Cuairteoirí) 61



# 1 Réamhrá

## 1.1 Cúlra

Tá Spórt Éireann chun tosaigh ó thaobh tacaíocht a thabhairt chun conairí áineasa a fhorbairt ar fud na hÉireann le níos mó daoine a spreagadh le bheith gníomhach taobh amuigh. Tá sé de chúram ar Spórt Éireann forbairt a dhéanamh ar chritéir agus dea-chleachtas a bhaineann leis na conairí chomh maith le Clár Náisiúnta na gConairí a choinneáil. Tá an ról seo an-tábhachtach san fhorbairt leanúnach ar chonairí ardchaighdeáin, ról atá mar sprioc thábhachtach i mbeartas Spórt Éireann maidir le Spórt agus Gníomhaíocht Coirp Amuigh faoin Aer (cuspóir beartais 3.2).

Tugann Spórt Éireann tacaíocht chomh maith chun forbairt agus poiblíocht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí ardchaighdeáin agus ar an dea-chleachtas le go mbeidh daoine páirteach sa spórt agus gníomhaíocht coirp faoin aer ar bhealach sábháilte inbhuanaithe (cuspóir beartais 2.3). Creideann Spórt Éireann gur cuidiú a bheidh i gcritéir chaighdeánaithe forbartha Conairí Uisce le rochtain bhainistithe a thabhairt ar aibhneacha, lochanna agus uiscebhealaí inmheánacha na hÉireann agus, san am céanna, an timpeallacht a chosaint áit a bhfuil na taitneamhachtaí aiceanta seo le fáil.


## 1.2 Cad is Conair Uisce ann?

Seo a leanas an sainmhíniú atá ar Chonair Uisce chun críocha na gcritéar seo:

- Stráice sonraithe uisce a bhfuil teacht ag an bpobal air agus pointí sainithe rochtana/amach ann
- Aistear lúibe (A go A) nó líneach (A go B). Sa dá chás sin is féidir an chonair a thriall ina hiomláine nó ina codanna
- Eolas ar fáil do chuairteoirí (roimh an gcuairt agus lena linn) le go mbeidh úsáideoirí in ann rogha a dhéanamh bunaithe ar an eolas maidir le hoiriúnacht na conaire agus a gcumas, taithí agus trealamh á gcur san áireamh chomh maith leis an aimsir.
- Inrochtana – saor in aisce d'aon bhall den phobal ar choinníoll go léiríonn an duine sin meas ar úsáideoirí eile an uisce agus ar an gcomhshaol[1]
- Cur síos brandáilte, i.e. ráiteas soiléir ar a bhfuil le fáil ar an gconair. Cuirfear an méid sin in iúl go leanúnach in ainm na conaire, san eolas poiblíochta, san eolas do chuairteoirí agus ar an gcomharthaíocht
- Á bhainistiú ag struchtúr bainistíochta atá leagtha amach go soiléir
- Tionscnamh don turasóireacht gníomhaíochtaí agus/nó rannpháirteachas áitiúil chun an bealach a réiteach do shlite maireachtála níos sláintiúla, caidreamh sóisialta agus forbairt eacnamaíoch

1 Ní chiallaíonn sé sin nach féidir táille réasúnta a ghearradh as páirceáil ná táille a iarraidh as trealamh a fháil ar cíos agus/nó oiliúint a fháil.

Tá plé ar na cineálacha Conairí Uisce seo a leanas sa doiciméad seo[2]:




**Conair Chéaslóireachta** – Conair Uisce a dtugann duine fúithi i soitheach céaslóireachta. Chun críocha na gcritéar seo, cuimsíonn sé seo Canú Oscailte, Cadhc agus Clár Seaschéaslóireachta.

**Conair Shnorclála** – Conair Uisce cois cósta de ghnáth agus baineann daoine leas as snorcal, masc agus eiteoga snámha chun tabhairt fúithi. Ar an gconair atá treoraithe nó féintreoraithe, faigheann duine deis ní hamháin gníomhaíocht coirp na snorclála a dhéanamh ach, lena chois, deis chun eolas a chur ar éiceachóras an tsaoil faoin uisce.

**Conair Chúrsála i mBáidín** – Conair Uisce a thrialltar i mbáidín seoltóireachta nó bád lae a bhfuil clár láir nó cíle ardaithe ann agus ar féidir é a iompar le carr agus leantóir bóthair.

**Conair Snámha Faoin Aer** – Conair Uisce a dtugann snámhaí fúithi cois cósta nó i dtimpeallacht intíre. Ar an gconair atá treoraithe nó féintreoraithe, faigheann duine deis ní hamháin gníomhaíocht coirp snámha a dhéanamh ach, lena chois, deis chun eolas a chur ar an timpeallacht agus an oidhreacht.

## 1.3 Cén chúis atá le Clár Náisiúnta na gConairí agus critéir le haghaidh conairí a bheith ann?

Tá Clár Náisiúnta Conairí á choinneáil ag Spórt Éireann ina dtugtar conairí a dhéanann critéir chomhaontaithe a shásamh. Ar na conairí sin tá conairí siúil, rothaíochta, marcaíochta agus uisce (na critéir seo).

Is iomaí feidhm a bhaineann le critéir chaighdeánaithe a aithnítear go náisiúnta, mar seo a leanas:

**Caighdeán Cáilíochta** – a thugann pointe comparáide ardchaighdeáin agus sampla dea-chleachtais chun conairí a fhorbairt agus a bhainistiú

**Muinín** – beidh forbróirí conairí, maoinitheoirí féideartha agus an pobal in ann deimhniú a fháil go bhfuil an chonair ar chaighdeán sásúil

2 Aithníonn Spórt Éireann go mbíonn síorathrú ar na bealaí a mbíonn an pobal ag plé leis an saol amuigh faoin spéir. Déanfar athbhreithniú go rialta mar sin ar an liosta tosaigh seo de chineálacha conairí.

**Eolas** – cuirtear eolas cruinn beacht ar fáil faoi chonairí le go mbeidh an pobal in ann rogha a dhéanamh bunaithe ar an eolas maidir le hoiriúnacht na conaire i gcomparáid leis an gcumas, taithí agus trealamh atá acu

**Cothromaíocht** – tugann sé seo deis do dhaoine sult a bhaint as an méid atá ar fáil taobh amuigh in Éirinn agus, san am céanna, an comhshaol a chosaint


**Árachas** – is féidir le grúpaí bainistíochta conairí Polasaí Árachais na gConairí Náisiúnta a úsáid[3]

**Poiblíocht** – féadfar an chonair a lua ar láithreán gréasáin Spórt Éireann Amuigh Faoin Spéir agus a chur ar Léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis. Ina theannta sin ar fad, tá conairí ceadaithe níos éifeachtaí ó thaobh margaíochta de.

Féadfaidh Bainisteoirí Conaire ar spéis leo conair a chlárú iarratas a chur isteach chuig Spórt Éireann chun iniúchadh a shocrú le conair neamhspleách a chlárú, iniúchadh ina n-úsáidtear modheolaíocht chaighdeánaithe atá formheasta chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla de chonair i gcomparáid leis na critéir sa cháipéis seo. Mar chuid den mheasúnú is gá na háiteanna nár cloíodh leis na critéir a aithint chomh maith le moltaí eile chun feabhais a thabhairt. Cuirfear conairí a chomhlíonann na critéir riachtanacha le Clár Náisiúnta na gConairí agus ar láithreán gréasáin Spórt Éireann Amuigh Faoin Aer. Caithfear measúnú a dhéanamh arís ó am go chéile agus an próiseas céanna a úsáid má tá conair le fanacht ar an gclár.

## 1.4 Na gnéithe is tábhachtaí le go mbeidh Conair Uisce shásúil ann

Táthar tar éis na gnéithe tábhachtacha seo a leanas de chonair uisce a shonrú mar chuid de thagarmharcáil idirnáisiúnta agus de phlé leis an earnáil áineasa amuigh in Éirinn[4]:




3 Agus an téacs seo á scríobh, d'fhéadfadh an polasaí árachais bonneagar Conairí Uisce a chlúdach ag pointí isteach nó amach, má dhéantar iad a fhorbairt ar thalamh príobháideach. Cás samplach: céim le haghaidh canú a forbraíodh ar thalamh príobháideach agus comhaontú faighte ón úinéir talún ina leith. Sa pholasaí árachais seo, ní chuimsítear árachas don uiscebhealach a úsáidtear leis na pointí rochtana/fágála a nascadh.

4 Aithníonn Spórt Éireann go mbeidh neart forbróirí/bainisteoirí conaire freagrach as neart cineálacha conairí agus, dá bharr sin, tá iarracht déanta leanúnachas áirithe a thabhairt isteach sa chur chuige agus critéir á bhforbairt do chonairí, is é sin conairí siúil, rothaíochta, marcaíochta agus uisce.



## GNÉITHE BUNÚSACHA

*Na gnéithe siúd atá i gceist le gach cineál Conaire Uisce:*

**Sábháilteacht** – táthar tar éis ceisteanna sábháilteachta féideartha a aithint, a mheasúnú agus gníomhú mar is cuí chun riosca a laghdú, a monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a bhainistiú

**Comhaontú Rochtana** – tá socrú foirmiúil maidir le bealach isteach déanta leis na húinéirí talún, le húdaráis na n-uiscebhealaí, leis na húdaráis loingseoireachta agus leis na sealbhóirí ceart ar fad is ábhartha

**Inbhuanaitheacht Timpeallachta** – táthar tar éis an tionchar ar an timpeallacht a mheas agus tá bearta maolaithe éifeachtacha/formheasta i bhfeidhm leis an timpeallacht a chosaint

**Bainistiú Conairí** – tá struchtúir, pleananna agus próisis i bhfeidhm chun an chonair a bhainistiú ionas go mbainfear an caighdeán riachtanach amach go leanúnach

**Eolas do Chuairteoirí, Comharthaíocht agus Eispéireas na Conaire** – tá an cuairteoir in ann rogha eolasach a dhéanamh faoi oiriúnacht na conaire, agus an chonair a aimsiú agus a thriall go muiníneach. Más inmhianaithe, tá gnéithe breise curtha leis an gconair le gur Eispéireas den chineál 'Conair Uisce Plus' atá ann

## GNÉITHE A BHAINEANN LE GNÍOMHAÍOCHT FAOI LEITH

*Gnéithe faoi leith atá le cur san áireamh ar gach cineál Conaire Uisce:*

**Dearadh na Conaire agus Bonneagar** – tá dearadh na conaire oiriúnach don úsáideoir beartaithe agus cloíonn bonneagar na conaire leis an dea-chleachtas.



# 2 Seicliosta na gCritéar

Tá an tábla seo ann mar sheicliosta le gur féidir le forbróirí amharc ar na critéir ina n-iomláine. Beidh níos mó eolais i gcáipéis eile maidir leis an bpróiseas clárúcháin do Chlár Náisiúnta na gConairí.

| GNÉ BHUNÚSACH | | |
|---|---|---|
| **SÁBHÁILTEACHT**<br>*Táthar tar éis ceisteanna sábháilteachta féideartha a aithint, a mheasúnú agus gníomhú mar is cuí chun riosca a laghdú, monatóireacht a dhéanamh air agus é a bhainistiú* | TÁ | NÍL |
| Tá measúnú riosca mionsonraithe déanta ag duine a bhfuil an saineolas riachtanach aige nó aici | | |
| Tá bearta maolaithe ann le dul i ngleic le ceisteanna sábháilteachta | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **COMHAONTÚ ROCHTANA**<br>*Tá socrú foirmiúil rochtana déanta le gach úinéir talún, údarás uiscebhealaí, údarás loingseoireachta agus sealbhóir ceart is ábhartha* | TÁ | NÍL | N/B |
| Cead ón Údarás Cuain / Údarás Loingseoireachta i bhfeidhm | | | |
| Cead ó úinéirí talún i bhfeidhm i gcomhair rochtana agus forbartha | | | |
| Bruachúinéir – comhairliúchán déanta | | | |
| Sealbhóir Ceart Spóirt / Iascaireachta – comhairliúchán déanta | | | |
| **INBHUANAITHEACHT CHOMHSHAOIL**<br>*Táthar tar éis an tionchar ar an timpeallacht a mheas agus tá bearta maolaithe éifeachtacha / formheasta i bhfeidhm leis an timpeallacht a chosaint* | TÁ | NÍL | N/B |
| Is féidir fianaise a thabhairt go bhfuil measúnú déanta ar an tionchar ar an oidhreacht nádúrtha agus, nuair is cuí, comhairliúchán déanta leis an gcomhlacht reachtúil fóirsteanach agus formheas faighte ón gcomhlacht sin | | | |
| Is féidir fianaise a thabhairt go bhfuil measúnú déanta ar an tionchar ar an oidhreacht thógtha agus, nuair is cuí, comhairliúchán déanta leis an gcomhlacht reachtúil fóirsteanach agus formheas faighte ón gcomhlacht sin | | | |
| Fianaise go ndeachthas i gcomhairle le hIascach Intíre Éireann agus go bhfuarthas ceadú uathu | | | |
| Tá bearta réamhghníomhacha i bhfeidhm chun stop a chur le scaipeadh speiceas ionrach agus pataiginí díobhálacha | | | |
| Tá Plean chun Bruscar a Bhainistiú i bhfeidhm | | | |
| Tá na prionsabail maidir le 'Ná Fág Lorg' curtha ar fáil mar chuid den eolas do chuairteoirí | | | |

| GNÉ BHUNÚSACH | | |
|---|---|---|
| **BAINISTIÚ CONAIRÍ**<br>*Tá struchtúir, pleananna agus próisis i bhfeidhm chun an chonair a bhainistiú ionas go mbainfear an caighdeán riachtanach amach go leanúnach* | TÁ | NÍL |
| Ba chóir Eagraíocht Bainistíochta Conairí a bheith i bhfeidhm chun an chonair a bhainistiú, agus monatóireacht agus cothabháil a dhéanamh ar bhealach éifeachtach. | | |
| Caithfear Plean Bainistíochta Conaire a bheith i bhfeidhm ina leagtar amach na cúraimí, nósanna imeachta agus freagrachtaí is tábhachtaí chun an chonair a bhainistiú, agus chun monatóireacht agus cothabháil a dhéanamh uirthi | | |
| Tá próiseas láidir ann chun gníomhartha bainistithe conairí a thaifeadadh agus a choinneáil | | |

| **EOLAS DO CHUAIRTEOIRÍ, COMHARTHAÍOCHT AGUS EISPÉIREAS CONAIRE**<br>*Tá an cuairteoir in ann rogha eolasach a dhéanamh faoi oiriúnacht na conaire, agus an chonair a aimsiú agus a thriall go muiníneach. Más inmhianaithe, tá gnéithe breise curtha leis an gconair le gur Eispéireas den chineál 'Conair Uisce Plus' atá ann* | TÁ | NÍL | N/B |
|---|---|---|---|
| **Eolas Réamhchuairte** – Ba chóir go mbeadh cuairteoirí ábalta teacht go furasta ar eolas ar líne sula dtugann siad cuairt ar an gconair | | | |
| **Treochomharthaí** – Ba chóir go mbeadh an cuairteoir in ann teacht ar thús na gconairí is mó ón mbaile mór is cóngaraí | | | |
| **Comhartha chun Tús na Conaire a Léiriú** - Ba chóir go mbeadh an cuairteoir ábalta an príomhbhealach isteach chun na conaire a aithint | | | |
| **Painéal Eolais i dTús Conaire** – Ba chóir go mbeadh an cuairteoir ábalta teacht go furasta ar eolas tábhachtach faoin gconair | | | |
| **Comharthaí Sábháilteachta ar an gConair féin** – Tá comharthaí in áiteanna cuí ar an gconair féin | | | |
| **Eispéireas – Leithris agus áiseanna gléasta (roghnach)** – ar fáil cóngarach do thús conairí uiscebhunaithe | | | |
| **Eispéireas – Áiseanna stórála le haghaidh Trealaimh (roghnach)** – tá áiseanna ar fáil chun trealamh a stóráil | | | |
| **Eispéireas – Bialanna agus Taitneamhachtaí (roghnach)** – Tá sé éasca teacht ar bhialanna, caiféanna agus taitneamhachtaí ó thús conairí agus / nó ó na conairí féin | | | |
| **Eispéireas – Gníomhaíochtaí Treoraithe agus Trealamh ar Cíos (roghnach)** Tá gníomhaíochtaí treoraithe a bheadh oiriúnach do thosaitheoirí ar fáil agus is féidir iad a chur in áirithe roimh ré. Tá trealamh ar fáil ar cíos d'úsáideoirí na conaire a bhfuil níos mó taithí acu. Tá clár i bhfeidhm le gur féidir leo siúd a chuireann gníomhaíochtaí ar fáil a gcuid cáilíochtaí sábháilteachta a thabhairt | | | |

| GNÉITHE A BHAINEANN LE GNÍOMHAÍOCHT FAOI LEITH | | |
|---|---|---|
| **CÉASLÓIREACHT** | **TÁ** | **NÍL** |
| **Grádú Conairí Céaslóireachta** – Tá an grádú mar Chonair Chéaslóireachta bunaithe ar mheasúnú cruinn agus curtha i bhfeidhm | | |
| **Dearadh an Bhealaigh** – Comhlíonann dearadh an bhealaigh na critéir íosta agus tá sé oiriúnach don úsáideoir atá beartaithe | | |
| **Bonneagar na Conaire** – Comhlíonann an bonneagar conairí uile na critéir íosta | | |
| **SNORCLÁIL** | **TÁ** | **NÍL** |
| **Grádú mar Chonair Shnorclála** – Tá grádú mar Chonair Shnorclála bunaithe ar mheasúnú cruinn agus curtha i bhfeidhm | | |
| **Dearadh an Bhealaigh** – Comhlíonann dearadh an bhealaigh na critéir íosta agus tá sé oiriúnach don úsáideoir atá beartaithe | | |
| **Bonneagar na Conaire** – Comhlíonann an bonneagar conairí uile na critéir íosta | | |
| **Léirmhíniú** – tá léirmhíniú ar fáil ar an saol mara a fheicfear chomh maith le treoir faoi iompar freagrach | | |
| **CÚRSÁIL BÁIDÍNÍ** | **TÁ** | **NÍL** |
| **Grádú na Conaire** – Tá an grádú mar Chonair Cúrsála Báidín bunaithe ar mheasúnú cruinn agus curtha i bhfeidhm | | |
| **Dearadh na Conaire** - Comhlíonann dearadh an bhealaigh na critéir íosta agus tá sé oiriúnach don úsáideoir atá beartaithe | | |
| **Bonneagar na Conaire** – Comhlíonann an bonneagar conairí uile na critéir íosta | | |
| **SNÁMH FAOIN AER** | **TÁ** | **NÍL** |
| **Grádú na Conaire** - Tá an grádú mar Chonair Snámha Faoin Aer bunaithe ar mheasúnú cruinn agus curtha i bhfeidhm | | |
| **Dearadh na Conaire** - Comhlíonann dearadh an bhealaigh na critéir íosta agus tá sé oiriúnach don úsáideoir atá beartaithe | | |
| **Bonneagar na Conaire** – Comhlíonann an bonneagar conairí uile na critéir íosta | | |



# 3 Gnéithe Bunúsacha

## 3.1 Sábháilteacht

**Sábháilteacht – táthar tar éis ceisteanna sábháilteachta féideartha a aithint, a mheasúnú agus gníomhú mar is cuí chun riosca a laghdú, monatóireacht a dhéanamh air agus é a bhainistiú**

Tá sábháilteacht daoine a úsáideann Conairí Uisce iontach tábhachtach. Mar sin, caithfear tabhairt go daingean faoi riosca a aithint agus a mheasúnú. Tá sé riachtanach bearta maolaithe a chur i bhfeidhm atá fóirsteanach do chumas agus taithí an úsáideora deiridh agus don timpeallacht. Níor chóir aon 'iontas rúnda' a bheith ann in am ar bith a bheadh mar chúis le dochar nó gortú.

Sa chuid seo tugtar an cur chuige i leith measúnú riosca agus tá codanna faoi leith ann a bhaineann le Conairí Uisce de gach cineál. Tá an cur chuige i leith sábháilteacht cuairteoirí á threorú ag na prionsabail agus an cleachtas atá leagtha amach ag an nGrúpa Sábháilteachta Cuairteoirí.

### 3.1.1 Measúnú Sábháilteachta / Riosca – Comhthéacs

#### *3.1.1.1 Cothromaíocht idir Riosca agus Tairbhe*

Luaitear an méid seo sa VSG: ***'Is éard atá sa bhainistíocht sábháilteachta cuairteoirí cothromaíocht a bhaint amach idir tairbhe agus rioscaí chun tairbhe a bhaint amach don tsochaí agus don duine féin. Ní bhaineann sé le sochaí a fhorbairt atá iomlán saor ó riosca ná le deireadh a chur le gníomhaíochtaí áineasa agus foghlama i gcásanna a bhfuil rioscaí measta agus go nglactar leo.'***

Má leantar na prionsabail atá ag VSG, ba chóir go mbeifí in ann na nithe seo a dhéanamh:

- rialuithe riosca a úsáid chun leibhéil inghlactha sábháilteachta a bhaint amach ionas nach ndéanfar damáiste don timpeallacht agus nach laghdófar an luach don tsochaí a bhaineann leis an gcósta agus an tuath
- úsáid phléisiúrtha as áiseanna a chur chun cinn
- ár gcuid oibleagáidí morálta agus dlíthiúla a chomhlíonadh
- socruithe rialaithe rioscaí a úsáid a bheidh ag teacht le ceanglais reachtúla
- bainistíocht sábháilteachta cuairteoirí a bhaint amach a bheidh costéifeachtach
- costais a laghdú, costais ó éilimh ina measc.

### *3.1.1.2 An tábhacht a bhaineann le sábháilteacht cuairteoirí a bhainistiú*

Tugann an VSG cuntas ar na cúiseanna[5] is mó a bhfuil sábháilteacht cuairteoirí tábhachtach agus táthar tar éis na cúiseanna sin a mheas i gcomhthéacs Conairí Uisce:

**Cúiseanna morálta**- Sa chéad dul síos, táimid ag iarraidh go mbeidh ár gcuairteoirí in ann imeacht abhaile go sábháilte, iad sona sásta leis an am atá caite acu ar na conairí. Tá oibleagáid mhorálta orainn a gcuid sábháilteachta a mheas agus iad a chosaint ar riosca míréasúnta nó riosca nach mbeadh riachtanach. Caithfimid a dheimhniú fosta nach mbeidh siad ag mothú go bhfuil barraíocht cosanta ann. Caithfimid a chur san áireamh go bhfuil sé de cheart acu glacadh leis na rioscaí a bhaineann leis na buntáistí atá uathu.

**Cúiseanna dlíthiúla** – Tá oibleagáidí dlíthiúla orainn sábháilteacht ár gcuairteoirí a dheimhniú ós rud é go bhfuil tionchar ag an obair a dhéanaimid orthusan. Féach Dliteanas Áititheoirí (Aguisín A)

**Cúrsaí Airgeadais** – má tharlaíonn timpiste do dhuine, is minic go mbeidh an duine sin ag iarraidh an locht a chur ar an té atá freagrach agus cúiteamh a éileamh. Is mian linn a bheith in ann cosaint a thabhairt in éadan éilimh mhíréasúnta. Is minic go mbítear ag iarraidh go ndéanfar rud éigin i ndiaidh timpiste. Caithfimid a bheith in ann an fód a sheasamh i gcoinne bearta sábháilteachta míréasúnta nó iomarcacha a thabhairt isteach. B'fhearr sin ná fasaigh gan fáilte a fhorbairt agus costais gan chúis a tharraingt orainn féin.

**Clú agus Údarás** – Ní féidir timpeallacht atá go hiomlán saor ó riosca a bhaint amach , agus ní bheifí ag iarraidh a leithéid a dhéanamh ach oiread. Mar sin féin, caithfimid a bheith ábalta a léiriú don phobal, do rialtóirí agus don rialtas go bhfuil gach rud déanta againn de réir mar atá praiticiúil agus réasúnta chun rioscaí a bhainistiú go leibhéil inghlactha. Dá mbeadh mórthionóisc ann, bheimis i staid i bhfad ní b'fhearr le muinín daoine a choinneáil.



5 https://www.visitorsafety.group/principles/

**Cuairteoirí a mhealladh ar ais** – is mian linn cuairteoirí a mhealladh chun bheith amuigh faoin aer agus sásamh a thabhairt dóibh le go dtiocfaidh siad ar ais. Féadfaidh sé go bhfuil cúiseanna difriúla againn le Conair Uisce a fhorbairt (mar shampla saol níos sláintiúla, saol sóisialta agus forbairt eacnamaíoch). Mar sin féin, is tábhachtach i ngach cás timpeallacht a fhorbairt a bheidh sábháilte go leor le cuairteoirí a mhealladh.

**Eolas do Chuairteoirí** – Ní mór dúinn a bheith cinnte go dtugann ár n-eolas do chuairteoirí (agus ábhar poiblíochta, más cuí) léargas cothrom ar riosca.

### *3.1.1.3 Treoirphrionsabail an VSG*

Leagtar béim i dTreoirphrionsabail an VSG ar an tábhacht a bhaineann le caomhnú, rochtain agus pléisiúr pearsanta faoin tuath agus an gá le cothromaíocht a bhaint amach idir sábháilteacht agus na cuspóirí níos ginearálta sin. Chomh maith leis sin, tá na prionsabail mar bhonn faoin gcothromaíocht idir freagracht phearsanta an chuairteora agus freagracht an úinéara talún nó an bhainisteora.

| BUNPHRION-SABAIL | FEASACHT | COMHAR | FREAGRACHT | RIALÚ RIOSCAÍ |
|---|---|---|---|---|
| • Cuspóirí caomhnaithe, oidhreachta, áineasa, cultúrtha agus tírdhreacha a chur san áireamh.<br><br>• Gan saoirse agus fonn eachtraíochta daoine a bhaint díobh.<br><br>• Srianta rochtana a sheachaint | • Cuairteoirí a chur ar an eolas faoi na rioscaí rompu<br><br>• Cuairteoirí a chur ar an eolas faoi chineál agus réimse na nguaiseacha, faoi na bearta rialaithe rioscaí atá i bhfeidhm agus na beartais chosanta atá le glacadh acu. | • Caithfear a aithint go nglacann daoine atá páirteach i ngníomhaíochtaí cosúla le leibhéil éagsúla riosca<br><br>• Caithfear a aithint go bhféadfadh bearta rialaithe rioscaí a bhaineann le grúpa amháin cuairteoirí rioscaí a chruthú do ghrúpaí eile<br><br>• Obair a dhéanamh le grúpaí cuairteoirí chun tuiscint a chothú agus coimhlint a shocrú. | • Tá sé tábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir neamhspleáchas cuairteoirí agus ionchur ón mbainistíocht<br><br>• Tá sé réasúnta glacadh leis go ndéanfaidh tuismitheoirí, caomhnóirí agus ceannairí maoirseacht ar na daoine atá faoin gcúram<br><br>• Tá sé réasúnta glacadh leis go mbeidh cuairteoirí freagrach astu féin<br><br>• Tá sé réasúnta glacadh leis nach gcuirfidh cuairteoirí daoine eile i mbaol | • Rioscaí a mheasúnú agus pleananna sábháilteachta a fhorbairt do gach láithreán<br><br>• Ba cheart go mbeadh leanúnachas ann i gcás bearta rialaithe rioscaí<br><br>• Agus bearta rialaithe rioscaí á bhforbairt, ba cheart na buntáistí ginearálta don tsochaí a chur san áireamh<br><br>• Monatóireacht a dhéanamh ar iompar agus taithí cuairteoirí chun athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna sábháilteachta cuairteoirí<br><br>• Ba cheart a chinntiú nach ndéanfadh do chuid gníomhaíochtaí oibre daoine a chur i mbaol |



*3.1.1.4 Speictream Rialaithe Rioscaí an VSG (Grúpa Sábháilteachta Cuairteoirí)*

Tugtar i Speictream Rialaithe Rioscaí an VSG (Aguisín E) treoir úsáideach chun cinntí a dhéanamh le cothromaíocht a bhaint amach idir neamhspleáchas cuairteoirí agus ionchur ón mbainistíocht. Tá sé sin go speisialta tábhachtach nuair atáthar ag féachaint ar chineálacha difriúla cur chuige i leith bainistíocht riosca agus Conairí Uisce á bhforbairt in uiscí atá níos dúshlánaí.

An bunphrionsabal ginearálta atá ann ná, de réir mar a éiríonn an áit níos iargúlta agus an tír-raon níos gairbhe, ba chóir go mbeadh leibhéal scil agus féinmhuiníne níos forbartha ag cuairteoirí chun tabhairt faoina leithéid. Tá sé réasúnta le bheith ag súil le go mbeidh eolas agus feasacht níos fearr ag cuairteoirí ar rioscaí agus freagracht phearsanta níos mó a ghlacadh as a gcuid sábháilteachta féin. San am céanna, thiocfadh laghdú ar an leibhéal bainistíochta a theastódh agus ní thabharfar an oiread céanna bearta sábháilteachta infreastruchtúir.

De réir mar a thiocfaidh forbairt níos mó ar an áit agus ar an tír-raon, go ginearálta beidh líon níos airde cuairteoirí ann agus bheadh níos mó bainistíochta le déanamh. Ní bhíonn an nasc idir an dá rud sin chomh simplí sin i dtólamh.

Luaitear chomh maith leis an gcur chuige seo gur réasúnta a bheith ag dúil leis an méid seo:

- Go ndéanfaidh tuismitheoirí, caomhnóirí agus ceannairí maoirseacht ar na daoine atá faoina gcúram cé go dtuigtear go bhfuil seans ann go mbeidh eolas le tabhairt dóibh i dtaca le rioscaí gan choinne nó rioscaí doiléire
- Go mbeidh cuairteoirí freagrach astu féin
- Nach gcuirfidh cuairteoirí daoine eile i mbaol

**Criosanna** – beidh éagsúlacht le fáil ar Chonair Uisce i dtaca leis an méid bainistíochta a bheidh le fáil in áiteanna éagsúla. Déantar an méid sin a chíoradh níos mó sa chur chuige le gach cineál conaire a ghrádú. Mar shampla, agus cuairteoirí ag triall leo ar Chonair Uisce, seans go dtiocfaidh athrú ar an gconair de réir a chéile, ó uiscí faoi fhothain go huiscí dúshlánacha. Ba chóir an cuairteoir a chur ar an eolas faoin riosca seo roimh ré, ach seans go ndéanfaidh an lucht bainistíochta cinneadh criosanna a dhéanamh den chonair ionas gur féidir leis an lucht bainistíochta aird a dhíriú ar na nithe is tábhachtaí.

**Teorainneacha** – múnla simplithe atá mar áis smaointeoireachta is ea an Speictream Rialaithe Rioscaí. Ní chlúdaítear gach cás ann. Mar shampla, tá an drochaimsir in ann níos mó guaiseacha a thabhairt chuig tír-raon ar bith.

### 3.1.2 Measúnú Sábháilteachta / Riosca – Feidhmiú

**Tá duine a bhfuil an saineolas cuí aige i ndiaidh measúnú riosca mionsonraithe a dhéanamh.**

Má táthar chun aon Chonair Uisce a fhorbairt agus a bheachtú, ní mór measúnú riosca a úsáid le heolas a chur ar fáil ina leith. Má mheastar nach féidir glacadh leis an riosca a aithnítear i gcás an úsáideora atá beartaithe don chonair, tá seans ann gur gá bealach eile a lorg. Tá sé millteanach tábhachtach gur duine a bhfuil an saineolas aige a dhéanfaidh an measúnú riosca, i.e. duine atá in ann a léiriú go bhfuil taithí aige an tasc a dhéanamh roimhe agus tuiscint mhaith aige ar an gcineál gníomhaíochta, mar shampla céaslóireacht.

1. **Sainaithin** na guaiseacha
2. **Smaoinigh** ar cé a bhféadfaí dochar a dhéanamh dó/di agus cén chaoi
3. **Déan** na rioscaí a mheas agus déan cinneadh an bhfuil na bearta rialaithe riosca reatha sásúil nó ar chóir níos mó a dhéanamh
4. **Taifead** do chinntí agus cuir i bhfeidhm iad
5. **Déan** athbhreithniú ar do mheasúnú agus tabhair suas chun dátá é más gá

**Guais** – aon rud ann a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh. Na cinn seo ina measc:
- Contúirt bhunúsach, i.e. contúirt atá ann mar gheall ar ghné bhuan, mar shampla cora nó sruth cuilitheála
- Guais a d'fhéadfadh a bheith ann, guais neamhbhuan mar shampla, mar gheall ar fhearthainn throm nó oibreacha innealtóireachta
- Baol Bonneagair, is é sin baol a bheadh ann de bharr píosa bonneagair atá lochtach nó a bhfuil na dálaí ag dul i bhfeidhm air (mar shampla lamairne nó pontún sleamhain)

**Riosca** – an dóchúlacht, bíodh sé mór nó beag, go ndéanfaidh an ghuais dochar do dhuine, déine an dochair sin agus an líon daoine a ghortófaí

**Bearta Rialaithe Rioscaí** – bearta a dhéantar roimh ré le go mbeidh seans níos lú ann go mbeidh eachtra ann agus/nó ionas nach mbeidh iarmhairtí chomh dona céanna ann.

Tá teimpléad samplach don mheasúnú riosca ar fáil in Aguisín A.

**Tá bearta maolaithe ann le dul i ngleic le ceisteanna sábháilteachta**

Má bhítear ag iarraidh Conair Uisce a chur ar Chlár Náisiúnta na gConairí, caithfear gach ceist sábháilteachta a réiteach. Chomh maith leis sin, caithfear amlíne shonraithe a sholáthar maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an measúnú riosca.

## 3.2 Comhaontú Rochtana

**Comhaontú Rochtana – tá socrú foirmiúil rochtana déanta le gach úinéir talún, údarás uiscebhealaí, údarás loingseoireachta agus sealbhóir ceart is ábhartha**

Má tá conair le bheith inbhuanaithe, tá sé ríthábhachtach go ndéanfar conair áineasa a fhorbairt bunaithe ar chomhairliúchán, comhaontú agus cead foirmiúil ó gach úinéir talún ábhartha, gach údarás uiscebhealaí / loingseoireachta agus gach sealbhóir ceart.

### 3.2.1 Comhaontú / Cead

**Ba chóir comhaontú foirmiúil taifeadta a chur i bhfeidhm le gach úinéir talún ábhartha (poiblí agus príobháideach) agus leo siúd a bhfuil údarás agus / nó cearta acu ar an uiscebhealach.**

Is féidir iad seo a rangú i gceithre chatagóir:

**Údaráis Chuain / Loingseoireachta** – Tá na húdaráis seo freagrach as cúrsaí loingseoireachta ar an uiscebhealach agus as cearta tuirlingthe (i dtaca le talamh ar leosan é). Beidh cead ag teastáil mar sin leis an uiscebhealach a úsáid don chríoch atá beartaithe dó. Tá seans ann freisin go mbeidh talamh / maoin nó cearta acu ar an uiscebhealach. Mar sin, ba cheart na pointí ábhartha thíos a chur san áireamh fosta.

**Úinéirí Talún (Poiblí agus Príobháideach)** – Is leosan talamh ar bhruacha / cladach an uiscebhealaigh. Beidh cead uathu ag teastáil leis na nithe seo a dhéanamh:

- pointí rochtana agus fágála atá ann cheana féin ar an talamh ar leosan é / atá á bhainistiú acu a úsáid
- forbairt a dhéanamh ar bhonneagar nua rochtana agus fágála ar an talamh ar leosan é / atá á bhainistiú acu
- comharthaíocht bhreise / eolas do chuairteoirí a shuiteáil

**Cearta Bruachúinéireachta** – D'fhéadfadh cearta bruachúinéireachta teacht i bhfeidhm agus limistéar uisce ag sruthú trí thalamh nó má bhíonn an limistéar uisce teoranta leis an talamh. Tá ceart rochtana ag bruachúinéir ar uiscebhealach atá ar a thalamh féin agus is féidir an ceart sin a úsáid i gcás loingseoireachta. Ní bhaineann an úinéireacht leis an uisce féin ach leis an gcuid sin den uiscebhealach agus leis an aerspás trína dtéann an t-uisce. Mar sin, tá bruachúinéir in ann stop a chur le rochtain ar an gcuid sin d'uiscebhealach. Ba chóir cead a fháil uaidh.

Is fiú aird a tharraingt ar na pointí seo a leanas:

- Más abhainn atá i gceist, glactar leis go mbaineann an bhruachúinéireacht le lár na habhann. Dá bhrí sin, más le duine difriúil an dá thaobh den abhainn, beidh cearta ag an mbeirt acu ar a dtaobh féin den abhainn. Bíodh sin mar atá, tá sé de cheart acu a mbealach a dhéanamh ar an dá thaobh.
- I gcás uiscebhealach níos mó, loch beag mar shampla, glactar leis go bhfuil na cearta á ndeighilt ina ndingeacha lena ndéantar an líne chladaigh atá faoi úinéireacht a nascadh le lár an locha. Tá sé de cheart ag úinéirí na gceart a mbealach a dhéanamh thart ar an loch iomlán.
- Is féidir na cearta bruachúinéireachta a scaradh le cearta úinéireachta talún. Dá réir sin, d'fhéadfadh úinéir talún cearta a cheannach / a aistriú chuig an leath eile den abhainn nó chuig dingeacha eile ar loch
- Is minic cearta bruachúinéireachta scartha le cearta spóirt / iascaireachta – féach an méid thíos



**Cearta Spóirt / Iascaireachta** – Féadfaidh siad seo a bheith faoi úinéireacht daoine príobháideacha, gníomhaireachtaí stáit, nó grúpaí ar nós clubanna slatiascaireachta. Is minic nár chóir constaic a chur roimh shealbhóirí ceart ná bac a chur orthu a gcearta a fheidhmiú. Ba chóir cead a iarraidh mar sin.

Aithnítear go mbíonn sé deacair in amanna Cearta Bruachúinéireachta agus Cearta Spóirt / Iascaireachta uiscebhealaí a dhéanamh amach toisc gur minic iad siúd gan taifead cruinn déanta díobh. Ar an ábhar sin, i gcás mar sin caithfidh forbróir na conaire seans sásúil dóibh siúd ar leosan na cearta chun bheith páirteach sa phlé faoi bhearta. Leis sin a dhéanamh, b'fhéidir go mbeadh ceardlann nó ceardlanna poiblí comhairliúcháin ann, cruinnithe gan aon choinne ag teastáil, eolas ar fáil in áit phoiblí (halla an bhaile nó ionad fóillíochta, cuir i gcás) nó láithreán gréasáin. Ba cheart fógraíocht cheart a dhéanamh roimh ré sna háiteanna cuí le gach deis chun plé a dhéanamh a phoibliú. Sa deireadh, is ar fhorbróir na conaire a luíonn an fhreagracht as bheith cinnte go bhfuil siad sásta leis an méid a dhéantar sa chuid seo den obair.

### 3.2.2 Nóta Comhairleach – Comhairliúchán

Ba chóir dul i mbun comhairliúcháin ó thús an tionscadail. Moltar é sin a dhéanamh sula ndéantar aon chumarsáid leis an bpobal go ginearálta. Mura ndéantar é sin, tá seans ann go ndéanfar damáiste don chaidreamh oibre amach anseo.
Tá sé riachtanach dul i gcomhairle le húinéirí talún agus sealbhóirí ceart agus teacht ar chomhaontú leo maidir leis an bhforbairt nó loingseoireacht a dhéanfar (féach an méid atá thuas maidir le cearta bruachúinéireachta / spóirt / iascaireachta)

Is gá an comhaontú seo a thaifeadadh agus é sínithe ag na páirtithe lena mbaineann. Beidh a bpróisis féin ag comhlachtaí poiblí minic go leor ar gá cloí leo. Ba cheart comhaontuithe a dhéanamh go soiléir agus gan aon débhrí iontu. Féadfaidh sé go mbainfidh siad le nithe mar seo:

- rochtain cheadaitheach – úsáid loingseoireachta, rochtain ar bhonneagar reatha, rochtain ar bhonneagar nua
- obair forbartha – bonneagar nua a thógáil

Ba cheart na nithe seo a chur san áireamh sa chomhaontú:
- fad a mhairfidh an comhaontú agus aon sceideal lena athbhreithniú
- stádas dlíthiúil, mar shampla meabhrán tuisceana, comhaontú ceadaitheach, ceadúnas, léas, srl.
- cuspóir úsáide, mar shampla pointe rochtana chuig Conair Uisce i gcomhair árthaí gan aon mhótar
- cé a mbeidh cead acu an chonair a úsáid
- eisiaimh – mar shampla tréimhsí nach féidir an chonair a úsáid, séasúr sceathraí cuir i gcás
- cur síos cruinn / líníocht d'oibreacha caipitiúla (más gá)



## 3.3 Inbhuanaitheacht Chomhshaoil

**Inbhuanaitheacht Timpeallachta – táthar tar éis an tionchar ar an timpeallacht a mheas agus tá bearta maolaithe éifeachtacha / formheasta i bhfeidhm leis an timpeallacht a chosaint**

Dóigh iontach atá i gConairí Uisce chun bá a chothú le háiseanna atá mar chuid den oidhreacht nádúrtha agus oidhreacht thógtha. Tá sé riachtanach mar sin, ar a laghad, go ndéanfaidh lucht forbartha agus bainistíochta na Conaire Uisce aon drochthionchar ar an timpeallacht a sheachaint. Is gá ardchaighdeán uisce a chaomhnú má tá Conair Uisce le bheith sásúil. Chomh maith leis sin, féadfaidh an Chonair Uisce cur leis an timpeallacht nó an timpeallacht a fheabhsú, mar shampla tríd an oideachas agus rochtain chuí.

### 3.3.1 Oidhreacht Nádúrtha

» **Is féidir fianaise a thabhairt go bhfuil measúnú déanta ar an tionchar ar an oidhreacht nádúrtha agus, nuair is cuí, comhairliúchán déanta leis an gcomhlacht reachtúil fóirsteanach agus formheas faighte ón gcomhlacht sin**

Ba chóir an tionchar ar na nithe seo a mheas:

**Ainmniúcháin Natura 2000 AE** – Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir Speisialta faoi Chosaint, RAMSAR

**Ainmniúcháin Náisiúnta** – Limistéir Oidhreachta Nádúrtha, Anaclanna Dúlra agus Páirceanna Náisiúnta

**Cosaintí Eile** – Chomh maith leis na hainmniúcháin thuasluaite, tá réimse de ghnáthóga / speicis eile ar ardluach caomhantais ar gá iad a chur san áireamh

Tá treoir bhreise maidir leis an bpróiseas agus an leibhéal de mheasúnacht timpeallachta a bheidh ag teastáil le fáil ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

### 3.3.2 Oidhreacht Thógtha

**Is féidir fianaise a thabhairt go bhfuil measúnú déanta ar an tionchar ar an oidhreacht thógtha agus, nuair is cuí, comhairliúchán déanta leis an gcomhlacht reachtúil fóirsteanach agus formheas faighte ón gcomhlacht sin**

Ba chóir an tionchar orthu seo a leanas a mheas:

- **Séadchomharthaí á gcosaint ar na bealaí seo a leanas:**
  - Ar taifead i dTaifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna
  - Ar taifead i gClár na Séadchomharthaí Stairiúla
  - Séadchomhartha náisiúnta atá faoi réir ordú buanchoimeádta (nó ordú buan-choimeádta sealadach).
  - Séadchomhartha náisiúnta atá faoi úinéireacht nó faoi chaomhnóireacht an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta nó Údarás Áitiúil.
  - Tá treoir ar fáil ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta

- **Láithreáin seandálaíochta** atá ainmnithe i mBunachar Sonraí Láithreán agus Séadchomharthaí Shuirbhé Seandálaíochta na hÉireann

- **Struchtúir Chosanta –** tá siad seo ainmnithe i ngach limistéar údaráis áitiúil i gClár na Struchtúr Cosanta

### 3.3.3 Iascach Intíre Éireann

**Fianaise go ndeachthas i gcomhairle le hIascach Intíre Éireann agus go bhfuarthas ceadú uathu**

I gcás ar bith a bhfuil oibreacha forbartha conaire beartaithe cois abhann, locha nó sruthchúrsa, nó gar do cheann acu, ba cheart dul i gcomhairle le hIascach Intíre Éireann (IFI). Ba chóir fánán nua, cé nua nó céim nua le haghaidh canú cois sruthchúrsa a phlé le hIascach Intíre Éireann freisin, a bheidh in ann comhairle a thabhairt ar réamhchúraimí ba cheart a ghlacadh ionas nach mbeidh aon sceitheadh siolta ná ithreach ann.

Tá Doiciméad Treorach forbartha ag Iascach Intíre Éireann a ghabhann le próiseas na heagraíochta sin don Mheasúnacht Timpeallachta, doiciméad ina gcuirtear síos ar an bpróiseas agus ar na nósanna atá i bhfeidhm san eagraíocht ionas gur féidir oibreacha forbartha agus caomhnaithe a dhéanamh in uiscí intíre agus cósta na hÉireann.

### 3.3.4 Bithshlándáil agus Speiceas Coimhthíoch Ionrach

**Tá bearta réamhghníomhacha i bhfeidhm chun stop a chur le scaipeadh speiceas ionrach agus pataiginí díobhálacha**

Tá curtha in iúl ag Speicis Ionracha Éireann go bhfuil speicis choimhthíocha ionracha, idir phlandaí agus ainmhithe, ar an dara bagairt is mó ar domhan roimh an mbithéagsúlacht. An bhagairt is mó ná an scrios gnáthóg. Féadfaidh siad tionchar díobhálach a imirt orthu seo

Féadfaidh speicis choimhthíocha gnáthóga a athrú ó bhonn agus bagairt a dhéanamh ar éiceachórais ina n-iomláine, a chruthaíonn fadhbanna tromchúiseacha don chomhshaol agus don gheilleagar. Tá speicis choimhthíocha in ann dochar a dhéanamh don áis is tábhachtaí ar a mbíonn Conair Uisce ag brath, cáilíocht an uisce.

Tá sé riachtanach go mbeidh bearta réamhghníomhacha i bhfeidhm i gConairí Uisce chun stop a chur le scaipeadh speiceas ionrach agus pataiginí díobhálacha. Tá plean bithshlándála riachtanach mar sin agus ba chóir é a chur isteach mar chuid de Phlean Bainistíochta Conaire (féach Cuid 3.4.2).

Ba chóir a aithint gur duine a bheidh ag taisteal a bheidh i gcuairteoir ar Chonair Uisce de ghnáth. Seachas úsáideoirí ginearálta uiscebhealaí, tá seans níos mó ann go mbeidh daoine i cadhcanna beag, canúnna, clár seaschéaslóireachta ag trasnú idir dobharcheantair agus réimsí éagsúla uisce. Aithnítear chomh maith go ndéanann lucht cadhcála, lucht curachóireachta, agus lucht clár seaschéaslóireachta teagmháil go díreach leis an uisce agus, dá bharr sin, in amanna bíonn speiceas coimhthíoch ionrach uisce á iompar acu.

An bunphrionsabal atá ann ó thaobh na bithshlándála de ná gur fearr cosc ná leigheas. Mar sin, tá an fheasacht, an t-oideachas agus an oiliúint ríthábhachtach chun pleanáil a dhéanamh go sásúil don bhithshlándáil taobh istigh de dhobharcheantair. Seo réimse a mbíonn saineolas cuí ag teastáil ina leith. Ba chóir teagmháil a dhéanamh i dtús báire leis an Oifig Uiscí agus Pobal – Oifigigh Uisce an Phobail chun comhairle agus treoir a fháil

### 3.3.5 Bruscar / Dramhaíl

**Tá plean chun bruscar a bhainistiú i bhfeidhm**

Má bhíonn bruscar agus dramhaíl (salachar madraí) ina luí ag na pointí isteach agus amach agus feadh conaire, ní bheidh am chomh taitneamhach céanna ag úsáideoirí. Cuireann a leithéid isteach go mór ar an timpeallacht. Ba cheart an bealach a choinneáil glan ó bhruscar, gloine bhriste agus diúscairt mhídhleathach.

Caithfear plean monatóireachta agus tógála bruscair a chur san áireamh i bPlean Bainistíochta na Conaire. Tá seans ann go mbeidh sceideal níos minice ag teastáil má bhíonn fadhb ann le bruscar nó le linn tréimhsí a mbeidh leibhéal úsáide níos airde ann.

### 3.3.6 Oideachas / Feasacht faoin gComhshaol

**Tá na prionsabail maidir le 'Ná Fág Lorg' curtha ar fáil mar chuid den eolas do chuairteoirí**

Ba chóir do lucht forbartha Conairí Uisce na prionsabail maidir le 'Ná Fág Lorg' a chur ar fáil ar chláir eolais ar a laghad. Mar sin féin, moltar seisiúin feasachta maidir le 'Ná Fág Lorg' a thairiscint do phríomhpháirtithe leasmhara. Is féidir iad seo a chur in oiriúint don uiscebhealach féin. Mar shampla, tá 'Scileanna agus Eitic Uisce Spóirt' agus 'Scileanna agus Eitic Uiscebhealaí' forbartha ar na mallaibh ag Ná Fág Lorg in Éirinn taobh leis an mbunleagan bunúsach.

## 3.4 Bainistiú Conairí

**Bainistiú Conairí – tá struchtúir, pleananna agus próisis i bhfeidhm chun an chonair a bhainistiú ionas go mbainfear an caighdeán riachtanach amach go leanúnach**

Má tá Conair Uisce chun cloí leis an gcaighdeán ard a baineadh amach tráth a seolta, tá sé riachtanach struchtúr / eagraíocht éifeachtach bainistíochta conairí a chur i bhfeidhm chun plean sonraithe bainistíochta a chur ar bun le monatóireacht agus cothabháil a dhéanamh ar an gconair.

### 3.4.1 Eagraíocht Bainistíochta Conairí

**Ba chóir Eagraíocht Bainistíochta Conairí a bheith i bhfeidhm chun an chonair a bhainistiú, agus monatóireacht agus cothabháil a dhéanamh ar bhealach éifeachtach.**

Ba chóir go mbeadh eagraíocht bainistíochta conairí ar scála a bheadh ag teacht le riachtanais na Conaire Uisce. Sa chuid is mó de chásanna, cuirfear eagraíocht bainistíochta conairí le chéile le linn chéim na forbartha. Mar sin, tá sé tábhachtach go mbeidh an eagraíocht sin ábalta tarraingt ar an saineolas cuí sa spórt uisce le linn an dá chéim.

Tá seans ann go ndéanfar eagraíocht na bainistíochta a chomhchuimsiú in eagraíocht eile atá ann cheana féin nó, mar gheall ar an áit a mbíonn Conairí Uisce suite, tá seans ann go mbeidh meascán eagraíochtaí ann chun an chonair a bhainistiú. I gcás mar sin, ba chóir comhpháirtíocht a chur ar bhonn foirmiúil trí bhíthin sásra ar nós comhaontú comhpháirtíochta nó meabhrán tuisceana. Ní foláir príomhtheagmhálaí a bheith ann ar gach Conair Uisce.

### 3.4.2 Plean Bainistithe Conairí

**Caithfear Plean Bainistíochta Conairí a bheith i bhfeidhm ina leagtar amach na cúraimí, nósanna imeachta agus freagrachtaí is tábhachtaí chun an chonair a bhainistiú, monatóireacht a dhéanamh uirthi agus í a chothabháil.**

Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas mar chuid de Phlean Bainistíochta Conairí (is féidir nithe eile a chur isteach):

- Róil agus Freagrachtaí in eagraíocht bainistíochta conairí
- Léarscáil den chonair agus fardal den bhonneagar, comharthaíocht, marcanna slí, áiritheoirí, srl.
- Measúnú Riosca – féach Sábháilteacht – cuid 3.1
- Cigireacht
  - An Sceideal Cigireachta – gnáthchigireacht, cigireacht oibríochta agus cigireacht bhreise (mar shampla, má bhíonn drochaimsir, teagmhas tuairiscithe nó timpiste ann)
  - Teimpléid Chigireachta – sainaithint guaiseacha, rátáil riosca agus tosaíochtaí gníomhaíochta ina measc
  - Próiseas chun Lochtanna Randamacha a Thuairisciú (páirtí leasmhar nó duine den phobal)
- Cothabháil – teimpléad chun taifead a choinneáil d'aon chothabháil a dhéantar
- Tuairisciú ar Theagmhas agus ar Thionóisc ag páirtithe leasmhara nó daoine den phobal
- Cumarsáid – an próiseas chun malairt slí, dúnadh, teagmhas eisceachtúil, srl. a chur in iúl.

- Plean Seirbhísí Éigeandála
- Plean Bithshlándála – achoimre ann ar bhearta réamhghníomhacha chun stop a chur le scaipeadh speiceas ionrach agus pataiginí díobhálacha
- Próiseas athbhreithnithe agus rialtacht

Nithe eile – mar shampla:
- Plean Margaíochta
- Plean chun Teagmhais a Bhainistiú

### 3.4.3 Taifead a Choinneáil

**Tá próiseas láidir ann chun gníomhartha bainistithe conairí a thaifeadadh agus a choinneáil**

An dea-chleachtas atá ann ná gach taifead a bhaineann le conair a choinneáil. Bheadh a leithéid fíorthábhachtach dá ndéanfaí éileamh i gcás gortú ar chonair. Mar chuid de Pholasaí Árachais na gConairí Náisiúnta, tá coinníoll ann go mbeidh an méid seo a leanas i bhfeidhm i gconair le go mbeidh an clúdach incháilithe:

*'…córas chun cothabháil agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an gconair, á bhainistiú go háitiúil ag an Eagraíocht Bainistíochta Conairí. Is gá tús áite a thabhairt d'aon fhadhbanna sábháilteachta a fhaightear nó a thuairiscítear agus iad a shocrú dá réir. Caithfidh an eagraíocht bhainistíochta taifid chláraithe a choinneáil d'aon mhonatóireacht nó obair a dhéantar ar an gconair.'*


Ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas mar chuid de na taifid chláraithe, agus dáta orthu, i dtaca le bainistiú conaire:
- Measúnú Riosca – aon athbhreithniú agus aon bhunús leis an measúnú san áireamh
- Iniúchtaí agus Torthaí
- Obair chothabhála agus/nó obair dheisiúcháin
- Tuairiscí Timpistí/Teagmhas – taifead d'aon iniúchadh/gníomh a tháinig astu san áireamh
- Cinntí faoi leith arna ndéanamh ag Eagraíocht Bainistíochta Conairí

## 3.5 Eolas do Chuairteoirí, Comharthaíocht agus Eispéireas Conaire

**Eolas do Chuairteoirí, Comharthaíocht agus Eispéireas na Conaire – tá an cuairteoir in ann rogha eolasach a dhéanamh faoi oiriúnacht na conaire, agus an chonair a aimsiú agus a thriall go muiníneach. Más inmhianaithe, tá gnéithe breise curtha leis an gconair le gur Eispéireas den chineál 'Conair Uisce Plus' atá ann**

### 3.5.1 Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht

Ba chóir cloí leis an múnla thíos nuair atá eolas do chuairteoirí agus comharthaí á bhforbairt agus ba chóir leanúnachas a bheith san eolas taobh istigh de gach leibhéal:






#### *3.5.1.1 Eolas Réamhchuairte*

**Ba chóir go mbeadh cuairteoirí ábalta teacht go furasta ar eolas ar líne sula dtugann siad cuairt ar an gconair**

Is cinnte go mbeidh forbróir na conaire ag iarraidh eolas a chur ar fáil le cuairteoirí a mhealladh chun na conaire. Ba chóir tacú lena leithéid. Bíodh sin mar atá, an áit a bhfuil an bhéim sna critéir seo ná le bheith cinnte go bhfuil an t-eolas ar líne sásúil le go mbeidh cuairteoirí in ann rogha a dhéanamh agus go leor eolais acu faoi oiriúnacht na conaire agus go mbeidh siad in ann an turas a phleanáil go muiníneach.

Ba chóir an méid seo a leanas ar a laghad a chur san eolas réamhchuairte ar líne:

- **Treoracha** – Nasc a thaispeánann túsphointe na conaire ar léarscáil idirghníomhach idirlín atá in ann treoracha a thabhairt (Google Maps, cuir i gcás) le go mbeidh úsáideoirí féideartha in ann an chonair a aimsiú
- **Léarscáil** – léarscáil nó cairt suas chun dáta agus na nithe seo [6]go soiléir uirthi
  - Eochair shoiléir le haghaidh na siombailí
  - Scála agus marcóir ciliméadar
  - Snáthaid ó thuaidh
  - An chonair iomlán[7]
  - Tús agus Deireadh
  - Gach pointe sonraithe rochtana agus fágála
  - An áit a bhfuil bacainní, guaiseacha nó méadú ar an deacracht
- **Grádú Conairí** an tábla grádaithe cuí don chonair – i gcás conairí a bhfuil níos nó ná grád amháin ag baint leo, ba chóir iad siúd a léiriú ar an léarscáil
- Cur síos ar an gconair agus an t-eolas seo ann:
  - Pointe ainmnithe Rochtana & Fágála
  - Fad (km)
  - Fad ama
  - Cur Síos achomair ar an méid a bheidh ann, eolas cuí maidir le guaiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann chomh maith le dálaí athraitheacha
- **Fad na Conaire** – ó thús deireadh idir gach pointe rochtana/fágála (km)
- **Eolas bithshlándála** – Seiceáil é – Glan é – Triomaigh é
- **Na Prionsabail maidir le 'Ná Fág Lorg'** – nó aon treoir láidir chuí eile
- **Modh éigin chun aiseolas a fháil ó chuairteoirí** – foirm ar líne / ríomhphost / uimhir fóin
- **Sonraí teagmhála faoi choinne ceisteanna** – seoladh ríomhphoist / uimhir fóin
- **Tuilleadh eolais** – tá eolas ardchaighdeáin ar fáil uathu seo a leanas:
  - Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála (RNLI)
  - Sábháilteacht Uisce na hÉireann
  - Aontas Canúála na hÉireann – Príomhláithreán Gréasáin an Aontais
  - Aontas Canúála na hÉireann – Get Ireland Paddling
  - Cumann Seoltóireachta na hÉireann
  - Tumadóireacht Éireann
  - Cumann Snámha na hÉireann – Snámh Faoin Aer

---

6 Ba chóir a léiriú go soiléir go bhfuil an léarscáil / an chairt ann mar eolas do chuairteoirí agus gur chóir a leithéid a úsáid taobh leis an léarscáil nó cairt oifigiúil chuí

7 Líne a bheidh i gceist i gcás conairí céaslóireachta agus cúrsála báidín ach is féidir i gcás láithreáin a bhfuil snorcláil ar fáil iontu na limistéir sin a léiriú

- An aip Swim Spots
- An láithreán gréasán Me and the Water atá ag Cumann Snámha na hÉireann[8]
- Amanna Taoide (nuair is cuí)
- Réamhaisnéis na hAimsire
- Teocht an Uisce

#### *3.5.1.2 Treochomharthaí chun na Conaire Uisce*

**Ba chóir go mbeadh an cuairteoir in ann teacht ar thús na gconairí is mó ón mbaile mór nó ó na bailte móra is cóngaraí**

- Ba chóir treoracha chuig na príomhbhealaí isteach chuig conairí a chur ar chomharthaí feadh na Conaire Uisce. Ba chóir tús a chur leis na comharthaí sa bhaile mór nó sráidbhaile is cóngaraí nó ag an acomhal leis an mbóthar náisiúnta is cóngaraí. Is gá comhartha a chur ann do gach acomhal eile idir sin agus tús na conaire.

- Is féidir comharthaí a chur ar fáil chuig tús conairí níos lú ar aon dul le tús conairí níos mó más gá. Ba chóir go mbeadh sé furasta tús na gconairí is mó a aimsiú. Mar sin féin, seans nár chuí comharthaí treo a sholáthar ó ionaid daonra áitiúil agus ó bhóithre náisiúnta chuig tús gach conaire mar gheall ar chostas na gcomharthaí chomh maith leis an mbaol go mbeadh daoine trína chéile i gcás go mbeadh comharthaí chuig tús níos mó ná Conair Uisce amháin sa cheantar céanna.

- I gcás comharthaí a úsáidtear ar bhóithre poiblí i bPoblacht na hÉireann, ba chóir dóibh cloí leis na treoirlínte i Lámhleabhar um Chomharthaí Tráchta na Roinne Iompair

#### *3.5.1.3 Comhartha Isteach chuig Tús Conaire nó le Tús Conaire a léiriú*

**Ba chóir go mbeadh an cuairteoir ábalta an príomhbhealach isteach chun na conaire a aithint**

I gcuid mhór cásanna, tá seans ann go mbeidh gá le comhartha don bhealach isteach chuig tús conaire nó comhartha le tús conaire a léiriú chun tús conaire/na pointí rochtana a thaispeáint. Ós rud é gur gá painéal eolais maidir le tús conaire a chur gar don uisce, is minic na painéil sin deacair le haimsiú i gcarrchlós gnóthach.

Mar sin, beidh a fhios ag cuairteoirí go bhfuil siad san áit cheart má bhíonn comhartha isteach ann chuig tús conaire nó le tús na conaire féin a thaispeáint. Moltaí don chomhartha:

- le feiceáil go soiléir don trácht atá ag dul thairis
- gan cur isteach ar an radharc i gcás daoine atá ag dul isteach chuig an láithreán/carrchlós nó ag teacht amach astu
- gan é a úsáid in am ar bith in áit comhartha bóthair/comhartha treorach ar a mbeadh téacs bán ar chúlra donn

8 Má bhíonn go leor spáis ann ba chóir gach láithreán gréasáin atá ag Cumann Snámha na hÉireann a chur air; mura mbíonn, tá siad anseo in ord tosaíochta

### 3.5.1.4 *Painéil Eolais i dTús Conaire*

**Ba chóir go mbeadh an cuairteoir ábalta teacht go furasta ar eolas tábhachtach faoin gconair**

Ba chóir go mbeadh painéil eolais i dtús conairí:
- le feiceáil go soiléir ón gcarrchlós
- socraithe in áit nach gcuirfidh siad isteach ar an sruth cuairteoirí, is é sin le rá nár chóir do chuairteoirí cur isteach ar an sruth feithiclí ná daoine ar an láithreán agus iad ag léamh an phainéil

Má bhíonn níos mó ná cineál amháin conaire le fáil i dtús conaire, dea-chleachtas atá ann ná an t-eolas a bhaineann leis na gníomhaíochtaí faoi leith a dheighilt óna chéile, mar shampla painéal amháin do chonair chéaslóireachta agus painéal eile do chonair cúrsála báidíní. Seans go bhféadfaí painéal achoimre a úsáid chun léargas a thabhairt ar an gcaidreamh spásúil idir comhpháirteanna conaire.

Ba chóir na painéil eolais a shocrú cóngarach don uisce. Más rud é nach bhfuil sé soiléir ón áit a bhfuil an painéal eolais i dtús na conaire cá háit a bhfuil an pointe rochtana, tá seans ann go mbeidh comharthaí eile de dhíth. Ba cheart na nithe seo a leanas a chur ar chomharthaí i dtús na conaire ar chonairí uisce:

- **Léarscáil** – léarscáil nó cairt agus na nithe seo a leanas go soiléir uirthi[9]
  - Eochair shoiléir le haghaidh na siombailí
  - Scála agus marcóir ciliméadar
  - Snáthaid ó thuaidh
  - An chonair iomlán[10]
  - An nod a deir 'Tá tú Anseo'
  - Tús agus Deireadh
  - Gach pointe sonraithe rochtana agus fágála
  - An áit a bhfuil bacainní, guaiseacha nó méadú ar an deacracht
- **Grádú Conairí** an tábla grádaithe cuí don chonair – i gcás conairí a bhfuil níos nó ná grád amháin ag baint leo, ba chóir iad siúd a léiriú ar an léarscáil
- Cur síos ar an gconair agus an t-eolas seo ann:
  - Pointe ainmnithe Rochtana & Fágála
  - Fad (km)
  - Fad ama
  - Cur Síos gairid
- **Fad na Conaire** – ó thús deireadh idir gach pointe rochtana/fágála (km)
- **Na Prionsabail maidir le 'Ná Fág Lorg'*** – nó aon treoir láidir chuí eile
- **Eolas bithshlándála*** – Seiceáil é – Glan é – Triomaigh é
- **Modh éigin chun aiseolas a fháil ó chuairteoirí** – foirm ar líne/ríomhphost/uimhir fóin
- **Seirbhísí éigeandála** – uimhir theagmhála na (999 nó 112)
- **URL gréasáin nó cód QR** – nasc chuig eolas sula dtugtar cuairt

I gcás Snámh Faoin Aer agus Snorcláil Faoin aer, ba chóir eolas a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le teocht an uisce a fháil amach.

9 Ba chóir a léiriú go soiléir go bhfuil an léarscáil/an chairt ann mar eolas do chuairteoirí agus gur chóir a leithéid a úsáid taobh leis an léarscáil nó cairt oifigiúil chuí

10 Líne a bheidh i gceist i gcás conairí céaslóireachta, snámha faoin aer agus cúrsála báidín, ach is féidir i gcás láithreáin a bhfuil snorcláil ar fáil iontu na limistéir sin a léiriú

Moltar píosa den phainéal i dtús conaire a fhágáil gur féidir eolas cruinn chun dáta a chur ansin le cuairteoirí a choinneáil ar an eolas maidir le gnéithe a athraíonn go minic, mar shampla athruithe ar ghnéithe amhail imeachtaí, druidim na conaire, guaiseacha sealadacha, srl.

### *3.5.1.5 Conairí Uiscebhunaithe – comharthaí ar an gconair*

#### Comharthaíocht ar an gconair in áiteanna cuí

Ba chóir an méid comharthaí atá ar chonairí uisce a choinneáil ar leibhéal chomh híseal agus is féidir ionas nach ndéanfar damáiste do chuma na háite. Mar sin féin, tá seans ann go mbeidh na comharthaí seo ag teastáil:

- Táscairí dathchódaithe chun leibhéal sábháilte nó inseolta an uisce a léiriú ag tagairt do phointí rochtana ar Chonairí ar Uisce. Tá seans ann go n-úsáidfidh na táscairí seo struchtúir atá ann cheana féin, mar shampla droichid nó ballaí fánáin
- Bratacha nó Cochaill Ghaoithe – tá siad seo úsáideach chun neart/treo na gaoithe a thaispeáint chomh maith le pointí rochtana/fágála san uisce a léiriú
- Comharthaí deimhniúcháin – ní chóir iad seo a úsáid ach nuair is gá, mar shampla nuair atá roghanna doiléire le déanamh agus cuid acu a bheadh in ann an tréimhse ar an gConair Uisce a scriosadh – mar shampla bealaí thart ar oileáin abhann



### 3.5.2 An tréimhse ar an gConair

**Má dhéanann conair na gnéithe go léir a luaitear sa doiciméad seo a chomhlíonadh, beidh am pléisiúrtha amuigh faoin aer ag an úsáideoir deiridh. Ar an láimh eile, más mian le forbróirí conaire an chonair a úsáid mar chuid de phunann níos leithne d'áiteanna turasóireachta, tá seans ann gurbh fhearr 'Conair Rothaíochta Plus' a bhaint amach. Na critéir sin: Tá siad roghnach agus níl siad mar chuid den phróiseas náisiúnta chun Conair a Chlárú.**

#### *3.5.2.1 Leithris agus Áiseanna Gléasta*

**Tá leithris agus áiseanna gléasta le fáil cóngarach do thús conairí uiscebhunaithe**

Beidh an tosaitheoir nó duine nua ag súil lena bhfad níos mó ó thaobh leithreas agus áiseanna gléasta de ná mar a bheidh an díograiseoir. Mar sin, ba chóir leithris agus áiseanna gléasta a chur ar fáil don phobal gar do thús conairí uiscebhunaithe.

Socrú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol atá sa leithreas múirínithe. Tá costais tógála níos lú ag baint leis ó thaobh cumhachta agus cóireáil eisiltigh de. Mar sin féin, is gá a bheith cúramach ó thaobh áit a gcuirtear iad agus is gá iad a bhainistiú uaireanta, go háirithe i gcodanna den chonair a úsáidtear go mór.

Ós rud é gur dócha go mbeidh siad cóngarach do chúrsa uisce, beidh córas ardleibhéil cóireála fuíolluisce nó umar coinneála ag teastáil i gcás leithris neamh-mhúirínithe. Más umar coinneála a bheidh ann, beidh bainistíocht leanúnach le déanamh ar an uisce seo. Níor cheart leithris cheimiceacha a úsáid ach amháin mura mbíonn an dara rogha ann.



#### *3.5.2.2 Stóráil Trealaimh*

**Tá áiseanna sásúla ann le trealamh a stóráil**

Ba chóir áiseanna sábháilte stórála a chur ar fáil do threalamh i dtús na conaire nó ag pointe rochtana amháin ar a laghad. Déanfar é sin de ghnáth i gcomhar le club nó eagraíocht chuí a mbeidh feidhm acu le bunáit bhuan lena gcuid gníomhaíochtaí a stiúradh.

#### *3.5.2.3 Bialanna agus Taitneamhachtaí*

**Tá sé éasca teacht ar bhialanna, caiféanna agus taitneamhachtaí ó thús conairí agus/nó ó na conairí féin**

Ba cheart go mbeadh cuairteoirí ábalta bialanna agus taitneamhachtaí a aimsiú go furasta, i dtús conairí más féidir agus feadh na Conaire Uisce. Ba chóir iad a chur ar fáil taobh istigh d'achar gairid siúil ar a laghad ar bith.  Ba cheart iad seo a shonrú go soiléir mar chuid den eolas do chuairteoirí.

Tá seans ann gurbh fhearr roghanna taistil lónadóireachta a chur ar fáil má bhíonn tús na conaire faoin tuath, ach ba chóir an timpeallacht a chur san áireamh lena leithéid.

#### *3.5.2.4 Gníomhaíochtaí Treoraithe agus Trealamh ar Cíos*

**Tá gníomhaíochtaí treoraithe a bheadh oiriúnach do thosaitheoirí ar fáil agus is féidir iad a chur in áirithe roimh ré. Ba chóir trealamh ar cíos a chur ar fáil d'úsáideoirí conairí a bhfuil níos mó taithí acu.  Tá clár i bhfeidhm le gur féidir leo siúd a chuireann gníomhaíochtaí ar fáil a gcuid cáilíochtaí sábháilteachta a thabhairt.**

Ba chóir gníomhaíochtaí treoraithe a bheadh oiriúnach do thosaitheoirí a chur ar fáil agus an rogha a thabhairt iad a chur in áirithe roimh ré.

I gcás soláthraithe uisce spóirt a chuireann eagraíocht bainistíochta conairí chun cinn, ba chóir soláthraithe a úsáid a bhfuil creidiúnú seachtrach acu ón mBord Rialaithe Náisiúnta cuí agus clár ann leis an méid sin a dheimhniú.

- Soláthraí Cláraithe de chuid Aontas Canúála na hÉireann
- Ionad Oiliúna Seoltóireachta na hÉireann
- Soláthraí Cláraithe de chuid Chumann Snámha na hÉireann[11]

Beidh ar na rannpháirtithe na bunscileanna a fhoghlaim le taitneamh a bhaint as an ngníomhaíocht ar bhealach freagrach, ach tá sé tábhachtach go gcuireann soláthraithe gníomhaíochtaí níos mó ar fáil ná seisiún spóirt uisce atá ina 'stealladh sciobtha'.  Ba chóir cumas teicniúil a bheith i dtreoraithe agus iad ábalta léargas a thabhairt go muiníneach ar chultúr agus oidhreacht an cheantair. Tá sé tábhachtach go mbeifí in ann gach gníomhaíocht a chur in áirithe roimh ré agus nach mbeidís teoranta do ghrúpaí móra.

Ba chóir trealamh ar cíos a chur ar fáil d'úsáideoirí conairí a bhfuil níos mó taithí acu.

11 Tá an clár seo á fhorbairt

# 4 Gnéithe a bhaineann le Gníomhaíocht faoi leith

Tá an chuid eile den doiciméad seo dírithe ar cheithre cinn faoi leith de chineálacha conairí, is iad sin

- Paddling
- Snorkelling
- Dinghy Cruising
- Open Water Swimming

Tá riachtanais éagsúla i gceist le gach ceann acu maidir le Dearadh an Bhealaigh, Grádú agus Bonneagar na Conaire.





5

# Conairí Céaslóireacht

## 5.1 Cad is Conair Chéaslóireachta ann?

**Anuas ar an sainmhíniú ar Chonairí Uisce i gCuid 1.2, is é is Conair Chéaslóireachta ann Conair Uisce a dhéanann duine in árthach céaslóireachta. Chun críocha na gcritéar seo, cuimsíonn sé seo Canú Oscailte, Cadhc agus Clár Seaschéaslóireachta.**

Aithnítear gur cuid de neart Gormbhealaí iad Conairí Céaslóireachta.  Níl sé beartaithe na critéir seo a úsáid seachas na Critéir atá ann faoi láthair le Gormbhealach a Chreidiúnú. Mar mhalairt, cuirfidh a leithéid tuilleadh eolais ar fáil d'fhorbróirí i dtaca leis an gconair a phleanáil agus a chur i gcrích.

Tá réimse rannpháirtithe in ann Conairí Céaslóireachta a úsáid, idir 'Tosaitheoirí', iad siúd ar bheagán taithí nó gan aon taithí, agus 'Saineolaithe', sin daoine a bhfuil neart taithí acu i ndálaí dúshlánacha.

## 5.2 Grádú Conairí Céaslóireachta

**» Tá an grádú mar Chonair Chéaslóireachta bunaithe ar mheasúnú cruinn agus curtha i bhfeidhm**

Tá forbairt déanta ar Ghrádú Conairí Céaslóireachta chun na nithe seo a dhéanamh:

- Tacú le Forbróirí Conairí Uisce conairí a dhearadh agus a fhorbairt a bheidh oiriúnach don leibhéal is oiriúnaí úsáideora
- An cur chuige don mheasúnú riosca a threorú agus bearta maolaithe a d'fhóirfeadh don úsáideoir ar an leibhéal is fóirsteanaí. Mar shampla, bheadh áit a bhfuil an taoide go láidir ann nó limistéar a bhfuil uisce ag bogadh ann oiriúnach i gconair atá á húsáid ag duine ag Meánleibhéal nó duine ar Saineolaí é, seachas 'Tosaitheoir'.
- Modh pragmatach a chur ar fáil ionas gur féidir le forbróirí conairí oiriúnacht conaire a chur in iúl don rannpháirtí ar bhealach áisiúil
- Áiseanna le cinntí a dhéanamh a chur ar fáil don rannpháirtí

Tá an grádú bunaithe ar eolas atá i gCáilíochtaí Aontas Canúála na hÉireann le haghaidh Scileanna Céaslóireachta agus Sainmhíniú ar Ghrádú Aibhneacha/Limistéar.

D'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó ná grád amháin le fáil i gConair Uisce, mar shampla an t-aistriú ó chanáil (Uiscí Éasca) ar aghaidh chuig abhainn agus uisce ag bogadh go mall inti (Uisce Measartha). Cur chuige inghlactha é seo. Mar sin féin, bheadh bearta maolaithe le sonrú mar chuid den mheasúnú riosca mar shampla eolas réamhchuairte, comharthaí a thugann eolas don úsáideoir roimh ré, gan aon ábhar iontais gan choinne ann.

## An oirfidh an Chonair Chéaslóireachta seo duitse? – Conair Intíre

| Cur Síos Ginearálta | Uiscí Simplí – Tosaitheoirí | Uiscí Measartha – Meánleibhéal | Uiscí Dúshlánacha – Ardleibhéal |
|---|---|---|---|
| **Oiriúnach dóibh seo** | Cumas Snámha Riachtanach<br><br>Tosaitheoir / Núíosach – moltar traenáil a dhéanamh roimh ré le club nó oibritheoir<br><br>Ná himigh ag céaslóireacht leat féin – 3 shoitheach ar a laghad | Cumas Snámha Riachtanach<br><br>Caithfidh oibritheoir ceadaithe an Tosaitheoir / Núíosach a threorú<br><br>**NÓ**<br>Daoine atá in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh sna cúinsí:<br>· Céaslú i líne dhíreach<br>· Cas, Cúlaigh, Stad<br>· Soitheach céaslóireachta eile a tharrtháil ar an uisce<br><br>Muiníneach i mbun loingseoireachta agus léarscáil á húsáid<br><br>Ná himigh ag céaslóireacht leat féin – 3 shoitheach ar a laghad | Cumas Snámha Riachtanach<br><br>Caithfidh oibritheoir ceadaithe an Tosaitheoir / Núíosach a threorú<br><br>**nó**<br>Daoine atá in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh sna cúinsí<br>· Céaslú i líne dhíreach<br>· Cas, Cúlaigh, Stad<br>· Buillí ardleibhéil a úsáid – scuab-bhuille, tarraingt, buille luamháin, boiseog chéasla, stiúir dheiridh, casadh teannta<br>· Teicnící ardleibhéil a úsáid – dírthrasnú, briseadh isteach<br>· Soitheach céaslóireachta eile a tharrtháil ar an uisce<br><br>Aibhneacha – Tuiscint ar shruth uisce – sruthanna guairneáin, tonnta seasta, V-thonnta, stopadóirí agus roghnú bealaí<br><br>Loingseoireacht mhuiníneach agus léarscáil á húsáid<br><br>Ná himigh ag céaslóireacht leat féin – 3 shoitheach ar a laghad |
| **Dálaí** | **Uisce Intíre faoi an-Fhothain**<br><br>Canálacha a bhfuil rochtain orthu agus fágáil uathu ar thaobh an bhruaigh acu agus méid an-bheag de thrácht tráchtála iontu<br><br>Lochanna Beaga nach bhfuil láithreacha tuirlingthe casta ag baint leo agus nach bhfuil chomh mór sin go mbeadh fadhbanna ann dá dtiocfadh athrú tobann ar an aimsir<br><br>Aibhneacha – láithreáin faoi leith ar aibhneacha malla<br><br>Moltar do chéaslóirí fanacht laistigh de 50 méadar ón gcladach agus gan imeacht leo agus an ghaoth ag séideadh amach ón gcladach / ón bpointe lainseála | **Uisce Intíre faoi Fhothain**<br><br>Aibhneacha – Uisce atá ina stad nó a bhogann go han-mhall gan aon bhac ann (Grád 1)<br><br>Lochanna (nó codanna de lochanna) – achar 250m ar a mhéad ó chladach go cladach. Is mar uiscí dúshlánacha a dhéantar iad seo a aicmiú nuair atá an ghaoth ag séideadh ar shiúl ón gcladach / ó phointe an tseolta<br><br>Moltar do chéaslóirí fanacht laistigh de 50 méadar ón gcladach agus gan imeacht leo agus an ghaoth ag séideadh amach ón gcladach / ón bpointe lainseála | **Uiscí Inmheánacha measartha**<br><br>Aibhneacha – tá bealach glan ann síos abhainn agus tá bacainní beaga ann. Tá seans ann go mbeidh stopalláin bheaga agus titimí beaga ann. Tá áiteanna ann ina n-éiríonn an sruth níos gasta. Tá bealaí éagsúla ann. (Grád 2)<br><br>Lochanna – Lochanna suas le 3km ar trastomhas. Ba chóir aire a thabhairt agus céaslóireacht ar bun ar lochanna den mhéid seo. Níl dálaí aimsire ina mbeadh gaotha os cionn Fhórsa 4 mar chuid den sainmhíniú seo. (20-28 km/u) |

## Ar lean.

| Cur Síos Ginearálta | Uiscí Simplí – Tosaitheoirí | Uiscí Measartha – Meánleibhéal | Uiscí Dúshlánacha – Ardleibhéal |
|---|---|---|---|
| **Trealamh Riachtanach** | Cineál Árthaigh:<br>· Canú Oscailte<br>· Cadhc<br>· Suí ar a Bharr<br>· Clár Seaschéaslóireachta<br><br>Áis Snámhachta nó Seaicéad Tarrthála (formheas CE/ISO)<br><br>Modh ann le cabhair a lorg | Cineál Árthaigh:<br>· Canú Oscailte*<br>· Cadhc*<br>· Suí ar a Bharr*<br>· Clár Seaschéaslóireachta<br>· Raftaí<br><br>Áis Snámhachta nó Seaicéad Tarrthála (formheas CE/ISO)<br><br>Modh ann le cabhair a lorg<br><br>***Ní mholtar leaganacha inséidte de na soithí seo a úsáid toisc go bhfuil seans níos mó ann go gcuirfeadh crosghaotha agus tonnta isteach orthu a d'fhágfadh go mbeadh sé deacair iad a rialú sna dálaí seo** | Cineál Árthaigh:<br>· Canú Oscailte*<br>· Cadhc*<br>· Suí ar a Bharr*<br>· Clár Seaschéaslóireachta<br>· Raftaí<br><br>Áis Snámhachta nó Seaicéad Tarrthála (formheas CE/ISO)<br><br>Clogad (Aibhneacha Ghrád 2 ina bhfuil bacainní)<br><br>Modh ann le cabhair a lorg<br><br>***Ní mholtar leaganacha inséidte de na soithí seo a úsáid toisc go bhfuil seans níos mó ann go gcuirfeadh crosghaotha agus tonnta isteach orthu a d'fhágfadh go mbeadh sé deacair iad a rialú sna dálaí seo** |

D'fhéadfadh guais a bheith ag baint le spóirt uisce agus tá riosca suntasach ag baint leo. Níor cheart iad a dhéanamh ach amháin má bhíonn tuiscint iomlán ag an duine ar an riosca ar fad a bhaineann lena leithéid. Taobh leis na treoirlínte seo, ba chóir do thaithí féin, iomas agus breithiúnas cúramach a chur san áireamh.

- Is gá réamhaisnéis na haimsire agus na dálaí aimsire a sheiceáil ar dtús. Féadfar grádú na conaire a athrú de réir mar a éiríonn an aimsir níos measa. Moltar aire a thabhairt nuair is íseal atá teocht an uisce agus teocht an aeir.
- Ná himigh ag céaslóireacht leat féin – 3 shoitheach ar a laghad
- Abair le duine éigin an áit a bhfuil tú ag dul agus an t-am atá i gceist agat le teacht ar ais
- Moltar oiliúint a fháil roimh ré le Cáilíochtaí Scileanna Aontas Canúála na hÉireann

## An oirfidh an Chonair Chéaslóireachta seo duitse? – Conair Farraige

| Cur Síos Ginearálta | Uiscí Measartha – Meánleibhéal | Uiscí Dúshlánacha – Ardleibhéal |
|---|---|---|
| **Oiriúnach dóibh seo** | Cumas Snámha Riachtanach<br><br>Tosaitheoir / Núíosach treoraithe ag oibritheoir ceadaithe<br><br>**NÓ**<br>Daoine atá in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh sna cúinsí:<br>· Céaslú i líne dhíreach<br>· Cas, Cúlaigh, Stad<br>· Soitheach céaslóireachta eile a tharrtháil ar an uisce<br><br>Muiníneach i mbun loingseoireachta agus léarscáil á húsáid<br><br>Ná himigh ag céaslóireacht leat féin – 3 shoitheach ar a laghad | Cumas Snámha Riachtanach<br><br>Tosaitheoir / Núíosach treoraithe ag oibritheoir ceadaithe<br><br>**NÓ**<br>Daoine atá in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh sna cúinsí agus gaotha suas le Fórsa 3 ann:<br>· Céaslú i líne dhíreach<br>· Cas, Cúlaigh, Stad<br>· Buillí ardleibhéil a úsáid – scuab-bhuille, tarraingt, buille luamháin, boiseog chéasla, stiúir dheiridh, casadh teannta<br>· Teicnící ardleibhéil a úsáid – dírthrasnú, briseadh isteach<br>· Soitheach céaslóireachta eile a tharrtháil ar an uisce<br><br>Muiníneach i mbun loingseoireachta agus léarscáil á húsáid<br><br>Ná himigh ag céaslóireacht leat féin – 3 shoitheach ar a laghad |
| **Dálaí** | **Limistéir Thaoide faoi Fhothain**<br><br>Cuanta timpeallaithe agus gan mórán trácht tráchtála iontu ar chor ar bith, timpeallaithe ar thrí thaobh.<br><br>Cuanta beaga timpeallaithe – timpeallaithe ar thrí thaobh<br>Tránna sainithe – stráice gairid de thrá agus tuirlingt éasca i ngach áit uirthi, gan aon fhánsruthanna ná cuilitheáil iontu<br><br>Inbhir – na léinseacha uachtair in inbhir áirithe atá oiriúnach agus uisce ag sruthlú go mall iontu.<br><br>Moltar do chéaslóirí fanacht laistigh de 50 méadar ón gcladach agus gan imeacht leo agus an ghaoth ag séideadh amach ón gcladach / ón bpointe lainseála | **Limistéir Taoide Measartha**<br><br>Stráice d'imeallbhord nó inbhear atá cóngarach do líne an chladaigh agus tuirlingt éasca ann agus gan aon sruthanna taoide, fánsruthanna ná cuilitheáil ann<br><br>Na léinseacha uachtair in inbhir áirithe<br><br>Gaotha os cionn Fhórsa 3 (12-19 km/u). Fórsa 2 (6-11 km/u) má bhítear amach ón gcósta. Ba chóir a bheith iontach faichilleach ar fad ansin.<br><br>Tá bealaí trasna oscailte níos mó ná trí chiliméadar curtha go sonrach as an áireamh sa sainmhíniú seo. |

## Ar lean.

| Cur Síos Ginearálta | Uiscí Measartha – Meánleibhéal | Uiscí Dúshlánacha – Ardleibhéal |
|---|---|---|
| **Trealamh Riachtanach** | Cineál Árthaigh:<br>· Canú Oscailte*<br>· Cadhc*<br>· Suí ar a Bharr*<br>· Clár Seaschéaslóireachta<br><br>Áis Snámhachta nó Seaicéad Tarrthála (formheas CE / ISO)<br><br>Modh ann le cabhair a lorg<br><br>*Ní mholtar leaganacha inséidte de na soithí seo a úsáid toisc go bhfuil seans níos mó ann go gcuirfeadh crosghaotha agus tonnta isteach orthu a d'fhágfadh go mbeadh sé deacair iad a rialú sna dálaí seo | Cineál Árthaigh:<br>· Canú Oscailte*<br>· Cadhc*<br>· Suí ar a Bharr*<br><br>Áis Snámhachta nó Seaicéad Tarrthála (formheas CE / ISO)<br><br>Modh ann le cabhair a lorg<br><br>*Ní mholtar leaganacha inséidte de na soithí seo a úsáid toisc go bhfuil seans níos mó ann go gcuirfeadh crosghaotha agus tonnta isteach orthu a d'fhágfadh go mbeadh sé deacair iad a rialú sna dálaí seo |

Gníomhaíochtaí contúirteacha is ea spóirt uisce a bhféadfadh baol suntasach a bheith ag baint leo. Níor chóir tabhairt fúthu ach amháin má bhíonn tuiscint iomlán ag an duine ar na contúirtí ar fad a bhaineann leo. Taobh leis na treoirlínte seo, ba chóir taithí phearsanta, iomas agus breithiúnas cúramach a chur san áireamh.

- Is gá réamhaisnéis na haimsire agus na dálaí aimsire a sheiceáil ar dtús. Féadfar grádú na conaire a athrú de réir mar a éiríonn an aimsir níos measa. Moltar aire a thabhairt nuair is íseal atá teocht an uisce agus teocht an aeir.
- Ná himigh ag céaslóireacht leat féin – 3 shoitheach ar a laghad
- Abair le duine éigin an áit a bhfuil tú ag dul agus an t-am atá i gceist agat le teacht ar ais

### 5.2.1 Rabhaidh maidir le Grádú Conairí Céaslóireachta

Mar is amhlaidh le gach córas chun conair a ghrádú, ní ann do chóras foirfe, go háirithe nuair atáthar ag iarraidh comhréiteach a bhaint amach idir eolas mionsonraithe agus eolas gonta. Dearadh an córas seo agus na rabhaidh seo a leanas ann.

- Is duine oilte a bhfuil an taithí chuí aige a dhéanfaidh an grádú a mheasúnú
- Mar a luaitear i gcuid 3.1.1.5, tá sé réasúnta le bheith ag súil go léireoidh cuairteoirí freagracht astu féin agus astu siúd atá faoin gcúram
- Ba chóir leas a bhaint as an ngrádú mar bhonn eolais i measúnú riosca ach ní féidir é a úsáid in ionad an mheasúnaithe. Ba chóir úsáideoirí a chur ar an eolas ar bhonn leanúnach maidir le haon ábhar iontais gan choinne atá ann
- Tá an t-aicmiú deartha maidir le gnáthlá. Bíodh sin mar atá, aithnítear go dtagann athrú in amanna ar limistéar uisce mar gheall ar athruithe san aimsir. Moltar aire a thabhairt nuair is íseal atá teocht an uisce agus teocht an aeir
- Tá seans ann go mbeidh tuilleadh eolais de dhíth ar fhorbróir agus úsáideoir deiridh na conaire le cinntí a dhéanamh, mar shampla scála Beaufort nó Cáilíochtaí Scileanna Aontas Canúála na hÉireann
- Tá cur chuige cúramach i gceist agus an grádú á scríobh. Tá sé dírithe orthu siúd nach bhfuil an oiread sin taithí acu (iad siúd ar mó seans go mbainfidís triail as Conair Uisce). Beidh céaslóirí a bhfuil neart taithí acu in ann triall leo ar dhobharlaigh atá ar leibhéil níos deacra ná an grádú seo.

## 5.3 Treoirlínte maidir le Conairí Céaslóireachta

**Tá gnéithe éagsúla le cur san áireamh agus an chonair agus bonneagar á bpleanáil – tugtar treoir sa chuid seo ar gach ceann acu sin.**

### 5.3.1 Bealach / Conair:

**Comhlíonann dearadh an bhealaigh na critéir íosta agus tá sé oiriúnach don úsáideoir atá beartaithe**

- Ba chóir don chonair cloí leis na coinníollacha atá sa chuid ábhartha den Ghrádú le haghaidh Conairí Céaslóireachta. Is féidir níos mó ná grád amháin a úsáid ar chonair fad is go gcuirfear an cuairteoir ar an eolas faoi sin roimh ré
- Is gá pointí sonraithe rochtana / fágála a bheith ar chonair chéaslóireachta – dhá cheann ar a laghad
- Níor chóir don achar idir pointí rochtana agus fágála a bheith níos mó ná 3km.
- Ní foláir gach stráice den uiscebhealach a choinneáil saor ó bhac agus intrasnaithe. Tá seans ann go mbeidh bacainní beaga ar Uiscí Dúshlánacha Intíre (Aibhneacha), ach ba chóir go mbeadh rogha líne ann i gcónaí
- Má bhíonn aon ghuaiseacha nó bacainní suntasacha ann ní mór rogha shoiléir a bheith ann chun an bád a iompar chomh maith le pointí rochtana agus fágála

### 5.3.2 Bonneagar Conairí

**Comhlíonann an bonneagar conairí uile na critéir íosta**

**Tús Conairí**

Beidh siad seo ann mar thús foirmiúil na conaire de ghnáth agus seo an áit a mbeifear ag iarraidh ar chuairteoirí teacht isteach chuig an uiscebhealach nó imeacht uaidh

- Ar chonair líneach abhann, is san áit is ciallmhaire thuas an abhainn agus i dtreo bhéal na habhann a bheidh sé seo – mar thúsphointe agus pointe deiridh leis na pointí rochtana eile.
- I gcás conairí cósta agus conairí lochanna intíre – turais lúbtha a bheidh i gceist leis an gcuid is mó de Chonairí Uisce. Bíodh sin mar atá, tá seans ann go mbeidh níos mó ná tús amháin le conair inar féidir turas a thosú nó a chríochnú.

Beidh an leibhéal is airde úsáide i dtús na gconairí seo. Mar sin, ba chóir go gcloífeadh siad leis na critéir íosta seo a leanas:

- Páirceáil
  - Páirceáil ar shiúl ón mbóthar (poiblí) agus 10 spás ar a laghad ann (spás do leantóirí san áireamh)[12]
  - Cuas Páirceála / Lódála gar don uisce
- Painéal Eolais – féach Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht 3.5
- Ionad foirmiúil lóistíochta, is é sin ionad lóistíochta agus dromchla crua air (3m x 3m ar a laghad) lasmuigh den charrchlós le gur féidir trealamh a shocrú agus fáil faoi réir
- Rochtain éasca neamhshrianta ón bpáirceáil go dtí an bealach isteach chun an uisce
- I gcás bonneagar rochtana uisce, ba chóir dó a bheith oiriúnach don fheidhm, láidir agus sábháilte ar gach pointe de leibhéal an uisce
- Na riachtanais atá ag oibritheoirí gníomhaíochtaí a chur san áireamh

**Pointí Rochtana agus Fágála**

Ba chóir cloí leis na critéir íosta seo a leanas ar phointí tánaisteacha rochtana agus fágála

- Páirceáil
  - Páirceáil ar shiúl ón mbóthar poiblí agus 5 spás ar a laghad ann (spás do leantóirí san áireamh)[13]
- Painéal Eolais – féach Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht
- Ionad foirmiúil lóistíochta, is é sin ionad lóistíochta agus dromchla crua air (3m x 3m ar a laghad) lasmuigh den charrchlós le gur féidir trealamh a shocrú agus ullmhúchán a dhéanamh
- Rochtain éasca neamhshrianta ón bpáirceáil go dtí an bealach isteach chun an uisce
- I gcás bonneagar rochtana uisce, ba chóir dó a bheith oiriúnach don fheidhm, láidir agus sábháilte ar gach pointe de leibhéal an uisce

**Bealaí Iompair**

Ba chóir bealaí iompair a sholáthar ar chonairí intíre sna cásanna seo: nuair nach féidir bealach a dhéanamh ar an gConair Chéaslóireachta, mar shampla má tá damba ann; nó má tá an bealach níos deacra ná an cumas a thugtar ar Ghrádú Conairí Céaslóireachta, mar shampla má tá cora nó fánsruth ar Chonair Uisce Éasca.

- Ba chóir go mbeadh an pointe fágála iompair so-aitheanta ón uiscebhealach, bíodh sé sin toisc an bonneagar a bheith le feiceáil nó mar gheall ar chomharthaí cuí. I gcásanna ina bhfuil an pointe fágála don bhealach iompar le feiceáil go réasúnta éasca ón uisce, ba leor comhartha beag i dtreo an phointe fágála ar mhaithe le cúirtéis a chur san áit sin chun úsáideoirí na Conaire Uisce a chur ar a gcompord.
- I dtaca leis an mbealach iompair, ba chóir dó a bheith sábháilte, chomh gairid agus is féidir, so-aitheanta, dromchla oiriúnach a bheith air agus pointe oiriúnach fágála agus rochtana chuig an uisce a bheith ann. B'fhearr gan bealach iompair a chur ar fáil ar Uiscí Éasca ná Measartha.

Tá tuilleadh moltaí in Aguisín B

12 Is é is cúram d'Fhorbróir na gConairí Uisce an scála a theastaíonn i dtús conaire a dhéanamh amach
13 Is é is cúram d'Fhorbróir na gConairí Uisce an scála a theastaíonn i dtús conaire a dhéanamh amach



# 6 Snorcláil

## 6.1 Cad is conair shnorclála ann?

**Mar fhorbairt ar an sainmhíniú ar Chonairí Uisce i gCuid 1.2, is é is Conair Shnorclála ann conair cois cósta ina n-úsáideann daoine snorcal, masc agus eiteoga snámha leis an áit a fhiosrú. Ar an gconair atá treoraithe nó féintreoraithe, faigheann duine deis ní hamháin gníomhaíocht coirp na snorclála a dhéanamh ach, lena chois, deis chun eolas a chur ar éiceachóras an tsaoil faoin uisce.**

Aithnítear gur cuid de neart Gormbhealaí iad Conairí Snorclála. Níl sé beartaithe na critéir seo a úsáid seachas na Critéir atá ann faoi láthair le Gormbhealach a Chreidiúnú. Mar mhalairt, cuirfidh a leithéid tuilleadh eolais ar fáil d'fhorbróirí i dtaca leis an gconair a phleanáil agus a chur i gcrích.

Tá réimse rannpháirtithe in ann Conairí Snorclála a úsáid, idir 'Tosaitheoirí', iad siúd ar bheagán taithí nó gan aon taithí, agus 'Saineolaithe', sin daoine a bhfuil neart taithí acu i ndálaí atá níos dúshlánaí.

## 6.2 Grádú Conairí Snorclála

**Tá grádú mar Chonair Shnorclála bunaithe ar mheasúnú cruinn agus curtha i bhfeidhm**

Tá forbairt déanta ar Ghrádú Conairí Snorclála chun na nithe seo a dhéanamh:

- Tacú le Forbróirí Conairí Uisce conairí a dhearadh agus a fhorbairt a bheidh oiriúnach don leibhéal ab oiriúnaí úsáideora
- An cur chuige don mheasúnú riosca a threorú agus bearta maolaithe a d'fhóirfeadh don úsáideoir ar an leibhéal is fóirsteanaí. Mar shampla, bheadh áit a bhfuil an taoide go láidir ann nó limistéar a bhfuil uisce ag bogadh ann oiriúnach i gconair atá á húsáid ag duine ag Meánleibhéal nó duine ar Saineolaí é, seachas 'Tosaitheoir'.
- Modh pragmatach a chur ar fáil ionas gur féidir le forbróirí conairí oiriúnacht conaire a chur in iúl don rannpháirtí ar bhealach áisiúil
- Áiseanna le cinntí a dhéanamh a chur ar fáil don rannpháirtí

Táthar tar éis an grádú a fhorbairt i gcomhar le Tumadóireacht Éireann. Fuarthas eolas chomh maith ó Lámhleabhar Oiliúna agus Caighdeán 2021 Thumadóireacht Éireann.

D'fhéadfadh Conair Shnorclála imeacht trí ghráid éagsúla, mar shampla cuan timpeallaithe (Uiscí Éasca) ar aghaidh chuig cósta fada (Uisce Measartha). Cur chuige inghlactha é seo. Mar sin féin, bheadh bearta maolaithe le sonrú mar chuid den mheasúnú riosca mar shampla eolas réamhchuairte, comharthaí a thugann eolas don úsáideoir roimh ré, gan aon ábhar iontais gan choinne ann.

## An oirfidh an Chonair Shnorclála seo duitse?

| Cur Síos Ginearálta | Uiscí Simplí – Tosaitheoirí | Uiscí Measartha – Meánleibhéal | Uiscí Dúshlánacha – Ardleibhéal |
|---|---|---|---|
| **Oiriúnach dóibh seo** | Snámhaithe cumasacha a bhfuil go leor seasmhachta iontu fad na conaire a shnámh cibé aimsir atá ann<br><br>Tosaitheoir / Núíosach – moltar traenáil a dhéanamh roimh ré le club nó oibritheoir | Snámhaithe cumasacha a bhfuil go leor seasmhachta iontu fad na conaire a shnámh cibé aimsir atá ann<br><br>**AGUS**<br><br>Daoine atá in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh sna cúinsí:<br>· Masc agus snorcal a ghlanadh agus iad ar chraiceann an uisce<br>· An tionchar a imríonn feachtaí, an aimsir agus teocht an uisce ar ghníomhaíochtaí snorclála a aithint agus a thuiscint<br>· An t-eolas acu ar na céimeanna is cóir a ghlacadh má éiríonn aon duine rófhuar, iad féin san áireamh<br>· Na comharthaí láimhe is tábhachtaí don tsnorcláil a thuiscint<br>· Eiteoga a úsáid agus iad ag siúl, tumadh, snámh agus teacht aníos arís | Snámhaithe cumasacha a bhfuil go leor seasmhachta iontu fad na conaire a shnámh cibé aimsir atá ann<br><br>**AGUS**<br><br>Daoine atá in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh sna cúinsí:<br>· Masc agus snorcal a ghlanadh agus iad ar chraiceann an uisce nó faoin uisce<br>· An tionchar a imríonn feachtaí, an aimsir agus teocht an uisce ar ghníomhaíochtaí snorclála a aithint agus a thuiscint<br>· Cairteacha agus léarscáileanna a úsáid le turas snorclála a phleanáil<br>· An t-eolas acu ar na céimeanna is cóir a ghlacadh má éiríonn aon duine rófhuar, iad féin san áireamh<br>· Na comharthaí láimhe is tábhachtaí don tsnorcláil a thuiscint<br>· Eiteoga a úsáid agus iad ag siúl, tumadh, snámh agus teacht aníos arís<br>· Eiteoga a úsáid chun bheith ag snámh go héifeachtach faoin uisce |
| **Fad / Doimhneacht** | Fad – Níos lú ná 1 km<br><br>Doimhneacht – níos lú ná 2 mhéadar | Fad – níos lú ná 3 km<br><br>Doimhneacht – idir 2–5 mhéadar | Fad – níos mó ná 3 km<br><br>Doimhneacht – níos mó ná 5 mhéadar |

## Ar lean.

| Cur Síos Ginearálta | Uiscí Simplí – Tosaitheoirí | Uiscí Measartha – Meánleibhéal | Uiscí Dúshlánacha – Ardleibhéal |
|---|---|---|---|
| **Dálaí** | **Cuanta timpeallaithe** gan mórán trácht tráchtála iontu ar chor ar bith, timpeallaithe ar thrí thaobh.<br><br>**Cuanta beaga timpeallaithe** – timpeallaithe ar thrí thaobh<br><br>**Tránna sainithe** – stráice gairid de thrá agus tuirlingt éasca i ngach áit uirthi, gan aon fhánsruthanna ná cuilitheáil iontu | **Stráice d'imeallbhord nó inbhear atá cóngarach do líne an chladaigh,** tuirlingt éasca ann, cuid sruthanna taoide ann ach gan fánsruthanna ná cuilitheáil ann | **Stráice d'imeallbhord nó inbhear atá cóngarach do líne an chladaigh,** tuirlingt éasca ann, sruthanna taoide ann ach gan fánsruthanna ná cuilitheáil ann |
| **Fad / Doimhneacht** | Fad – Níos lú ná 1 km<br><br>Doimhneacht – níos lú ná 2 mhéadar | Fad – níos lú ná 3 km<br><br>Doimhneacht – idir 2–5 mhéadar | Fad – níos mó ná 3 km<br><br>Doimhneacht – níos mó ná 5 mhéadar |

Gníomhaíochtaí contúirteacha is ea spóirt uisce a bhféadfadh baol suntasach a bheith ag baint leo. Níor chóir tabhairt fúthu ach amháin má bhíonn tuiscint iomlán ag an duine ar na contúirtí ar fad a bhaineann leo. Taobh leis na treoirlínte seo, ba chóir taithí phearsanta, iomas agus breithiúnas cúramach a chur san áireamh.

- Is gá réamhaisnéis na haimsire agus na dálaí aimsire a sheiceáil ar dtús. Féadtar grádú conairí a athrú de réir mar a éiríonn an aimsir níos measa. Moltar aire a thabhairt nuair is íseal atá teocht an uisce agus teocht an aeir.
- Ná himigh ag snorcláil leat féin in am ar bith – úsáid córas carad i gcónaí
- Abair le duine éigin an áit a bhfuil tú ag dul agus an t-am atá i gceist agat le teacht ar ais
- Moltar Cúrsa Snorclála le Tumadóireacht Éireann a dhéanamh roimh ré

### 6.2.1 Rabhaidh maidir le Grádú Conairí Snorcléla

Mar is amhlaidh le gach córas chun conair a ghrádú, ní ann do chóras foirfe, go háirithe nuair atáthar ag iarraidh comhréiteach a bhaint amach idir eolas mionsonraithe agus eolas gonta. Dearadh an córas seo agus na rabhaidh seo a leanas ann.

- Is duine oilte a bhfuil an taithí chuí aige a dhéanfaidh an grádú a mheasúnú
- Mar a luaitear i gcuid 3.1.1.5, tá sé réasúnta le bheith ag súil go léireoidh cuairteoirí freagracht astu féin agus astu siúd atá faoin gcúram
- Ba chóir leas a bhaint as an ngrádú mar bhonn eolais i measúnú riosca ach ní féidir é a úsáid in ionad an mheasúnaithe. Ba chóir úsáideoirí a chur ar an eolas ar bhonn leanúnach maidir le haon ábhar iontais gan choinne atá ann
- Tá an t-aicmiú deartha maidir le gnáthlá. Bíodh sin mar atá, aithnítear go dtagann athrú in amanna ar limistéar uisce mar gheall ar athruithe san aimsir. Moltar aire a thabhairt nuair is íseal atá teocht an uisce agus teocht an aeir
- Tá seans ann go mbeidh tuilleadh eolais de dhíth ar fhorbróir agus úsáideoir deiridh na conaire le cinntí a dhéanamh, mar shampla Scála Beaufort agus teochtaí uisce
- Tá cur chuige cúramach i gceist agus an grádú á scríobh. Tá sé dírithe orthu siúd nach bhfuil an oiread sin taithí acu (iad siúd ar mó seans go mbainfidís triail as Conair Uisce). Beidh snorcálaithe a bhfuil neart taithí acu in ann triall leo ar dhobharlaigh atá ar leibhéil níos deacra ná an grádú seo.

## 6.3 Treoirlínte maidir le Conairí Snorcléla

**Tá gnéithe éagsúla le cur san áireamh agus an chonair agus bonneagar á bpleanáil – tugtar treoir sa chuid seo ar gach ceann acu sin.**

### 6.3.1 Bealach / Conair

**Comhlíonann dearadh an bhealaigh na critéir íosta agus tá sé oiriúnach don úsáideoir atá beartaithe**

- Ba chóir don chonair cloí leis na coinníollacha atá sa chuid ábhartha den Ghrádú le haghaidh Conairí Snorcléla. Is féidir níos mó ná grád amháin a úsáid ar chonair fad is go gcuirfear an cuairteoir ar an eolas faoi sin roimh ré
- Ar chonair shnorcléla, tá sé riachtanach go beidh pointe sonraithe amháin ar a laghad i dtús na conaire a mbeidh an snorcálaí in ann imeacht uaidh agus filleadh air agus tumadh ar bun.
- Is féidir níos mó ná tús amháin conaire a chur ar fáil i limistéar le gur féidir le snorcálaithe turais A go A a dhéanamh
- I gcás áiteanna ina bhfuil cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí áineasa agus / nó gníomhaíochta bádóireachta tráchtála ar bun, ba chóir plé a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara chun teacht ar chur chuige i leith gníomhaíochtaí a shocrú de réir criosanna. An prionsabal atá taobh thiar de seo ná le criosanna a leagan amach inar féidir gach gníomh a dhéanamh gan ceann amháin a bheith ag teacht salach ar cheann eile. Is féidir é seo a bhaint amach má úsáidtear meascán d'eolas do chuairteoirí, comharthaí agus, i gcásanna áirithe, baoithe. Sa chás seo is gá an crios don tsnorcláil a leagan amach go soiléir ar léarscáil
- Cé go dtugtar critéir maidir le fad na conaire sa Ghrádú mar Chonair Shnorcléla, tá sé níos tábhachtaí an t-am san uisce a mheas, go háirithe dóibh siúd nach bhfuil an oiread céanna taithí acu. Ós rud é go bhfuil tumadh iomlán i gceist leis an tsnorcláil, beidh an tréimhse a chaithfear ag snorcláil ag brath go mór ar choinníollacha aeir agus uisce. Moltar babhtaí snorcléla a phleanáil do thosaitheoirí nach mairfidh níos faide ná 45 nóiméad.

- Caithfear an t-aicmiú 'dóthanach' a bheith ag Stádas an Uisce Snámha i gcomhréir leis an Treoir um Uisce Snámha[14]
- Tá sé ina príomhghné den tsnorcláil go mbeidh deis ag an duine breathnú ar thimpeallacht nádúrtha an tsaoil faoi uisce – ba chóir go mbeadh deis ag daoine é sin a dhéanamh ar an gconair.
- Más rud é go bhfuiltear ag forbairt na conaire mar chuid d'fhéile nó imeacht den sórt sin, níor dhochar baoithe a chur ar an gconair leis an tslí a léiriú. Ní gá é sin a dhéanamh ar chonairí buana.

### 6.3.2 Bonneagar Conairí

**Glactar leis sna treoirlínte seo go mbainfear an leas is fearr agus is féidir as an mbonneagar atá ann cheana féin, seachas caiteachas suntasach a thabhú le struchtúr nua a thógáil ná infheistíocht chostasach.**

**Comhlíonann an bonneagar conairí uile na critéir íosta**

**Tús Conairí**

Beidh siad seo ann mar thús foirmiúil na conaire agus seo an áit a mbeidh ar chuairteoirí teacht isteach sa chonair shnorclála nó í a fhágáil. Beidh an leibhéal is airde úsáide i dtús na gconairí seo. Mar sin, ba chóir go gcloífeadh siad leis na critéir íosta seo a leanas:

- Páirceáil ar shiúl ón mbóthar (poiblí) agus 10 spás ar a laghad ann
- Painéal Eolais – féach Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht 3.5
- Ionad foirmiúil lóistíochta, is é sin ionad lóistíochta (3m x 3m ar a laghad) lasmuigh den charrchlós le gur féidir trealamh a shocrú agus ullmhúchán a dhéanamh
- Rochtain éasca neamhshrianta ón bpáirceáil go dtí an bealach isteach chun an uisce
- Ba chóir go mbeadh daoine in ann dul isteach san uisce agus imeacht uaidh ar gach céim den taoide, bíodh sé sin ar chéimeanna, fánán nó trá.
- I gcás bonneagar rochtana uisce, ba chóir dó a bheith oiriúnach don fheidhm, láidir agus sábháilte ar gach pointe de leibhéal an uisce
- Ba chóir go mbeifí in ann dul isteach san uisce agus teacht amach as ar gach céim de choinníollacha sreafa uisce i gcás snorcail abhann nó locha.
- Ba chóir gan pointí rochtana agus fágála a úsáid in áiteanna ar gá dul thar charraigeacha a bhfuil feamainn orthu.
- Má bhíonn cé oibre á húsáid, ba chóir an bealach isteach agus amach a shocrú achar maith ar shiúl ó láthair oibre na cé nó an chalafoirt.
- Na riachtanais atá ag oibritheoirí gníomhaíochtaí a chur san áireamh

14 It is recognised that the venue for the Snorkelling Trail may not be included with the Local Authority's testing regime. The trail developer should demonstrate they have undertaken as assessment of bathing water quality and have engaged with the local authority to include within future testing regimes.

### 6.3.3 Léirmhíniú

**Tá léirmhíniú ar fáil ar an saol mara a fheicfear chomh maith le treoir faoi iompar freagrach**

Tá sé ina príomhghné den tsnorcláil go mbeidh deis ag an duine breathnú ar thimpeallacht nádúrtha an tsaoil faoi uisce.

Dá bhrí sin, maille leis an Eolas do Chuairteoirí agus comharthaíocht a luaitear i gCuid 3.5, tá sé riachtanach eolas a chur ar fáil (ar líne, i gcló nó ar phainéal eolais) mar chuid den chonair shnorclála chun snorcálaithe a chur ar an eolas faoin mbeatha faoi uisce a bheadh le feiceáil acu.

Mar chuid den eolas seo ba chóir treoir a chur ar fáil maidir leis an iompar freagrach agus daoine ag snorcláil gar don bheatha faoi uisce, an méid seo ar a laghad:

- Ná tóg feamainn ná ainmhithe ón gcarraig ná óna ngnáthóga.
- Ná ciceáil ainmhithe na mara a bhfuil eití orthu agus ná seas ar ainmhithe leochaileacha.
- Is féidir breathnú ar ainmhithe ina ngnáthóga féin gan aon rud a thabhairt ar shiúl leat.

## 6.4 Dea-chleachtas Snorclála

Tá sampla den dea-chleachtas le fáil sna Conairí Snorclála atá forbartha ag Urras Fiadh-bheatha na h-Alba





# 7 Conairí Cúrsála Báidín

## 7.1 Cad is conair cúrsála báidín ann?

**Anuas ar an sainmhíniú ar Chonairí Uisce ó Chuid 1.2, is é is Conair Cúrsála Báidín ann ná Conair Uisce a thrialltar i mbáidín seoltóireachta nó bád lae a bhfuil clár láir nó cíle ardaithe ann agus ar féidir é a iompar le carr agus leantóir bóthair.**

Murab ionann is na Conairí Uisce eile a luaitear sna critéir seo, tá conairí cúrsála báidíní deartha dóibh siúd a bhfuil an-taithí acu agus a bhfuil a mbáidín nó bád lae féin acu sa chuid is mó de chásanna[15]. An aidhm atá taobh thiar de Chonairí Cúrsála Báidíní ná ardán seasmhach a thabhairt chun eolas áitiúil a scaipeadh agus cuairteoirí a spreagadh uiscebhealach nua a fhiosrú ar a gcompord. Féadfaidh scoileanna seoltóireachta na conairí a úsáid chomh maith chun tabhairt faoi ghnéithe pasáiste dá gcláir oiliúna.

## 7.2 Grádú Conairí Cúrsála Báidín

**Tá an grádú mar Chonair Cúrsála Báidín bunaithe ar mheasúnú cruinn agus curtha i bhfeidhm**

Tá forbairt déanta ar Ghrádú Conairí Báidín chun na nithe seo a dhéanamh:

- Tacú le Forbróirí Conairí Uisce conairí a dhearadh agus a fhorbairt a bheidh oiriúnach don leibhéal is oiriúnaí úsáideora
- An cur chuige don mheasúnú riosca a threorú agus bearta maolaithe a d'fhóirfeadh don úsáideoir ar an leibhéal ab fhóirsteanaí
- Modh pragmatach a chur ar fáil ionas gur féidir le forbróirí conairí oiriúnacht conaire a chur in iúl don rannpháirtí ar bhealach áisiúil
- Áiseanna le cinntí a dhéanamh a chur ar fáil don rannpháirtí

Níl i gceist sa chás seo ach an t-aon ghrád amháin, ós rud é go bhfuil an grádú dírithe ar leibhéal amháin úsáideora, i.e. úsáideoirí a bhfuil an-taithí acu. Tá sé fós tábhachtach é seo a thaifeadadh ionas gur féidir na critéir a shainiú agus eolas a chur ar fáil do mheasúnuithe riosca. Níor chóir go dtiocfadh aon rud aniar aduaidh ar dhaoine, fiú seoltóirí a bhfuil an-taithí acu.

15 To a lesser degree, Dinghy Cruising Trails will also be used by Irish Sailing Training Centres as part of their instructor led activities.

## An oirfidh an chonair cúrsála báidín seo duitse?

| | |
|---|---|
| **Oiriúnach dóibh seo** | Seoltóirí báidíní / bád lae a bhfuil taithí, cumas agus eolas acu ar na nithe seo:<br>• do bhád a ullmhú agus a láimhseáil agus gaoth mheasartha ann (Fórsa 4, 11-16 mhuirmhíle san uair)<br>• teicnící ardleibhéil a dhéanamh, cuir i gcás luí chuige, casadh agus duine i bhfarraige, bád seoil eile a tharraingt<br>• ancaire a úsáid<br>• aistear a phleanáil agus tabhairt faoi in uiscí nach bhfuil taithí agat orthu<br>• réamhaisnéis na haimsire a aimsiú, a thuiscint agus a chur i bhfeidhm ar d'aistear féin<br>• na comharthaí lae is mó a úsáidtear i gcóras baoitheála IALA A a shonrú agus cur síos a thabhairt ar an suntas a bhaineann leo<br>• cairt agus compás a úsáid le do bhealach a dhéanamh<br><br>Le heolas mionsonraithe breise a fháil féach<br>Scéim Seoltóireachta na mBád Beag, Cumann Seoltóireachta na hÉireann – Scileanna Eachtraíochta |
| **Dálaí** | • Inmheánach – inbhir agus lochanna móra doimhne nach mbeifí ag dúil le go n-éireodh meánairde na dtonnta iontu níos mó ná 1.2 méadar in am ar bith<br>• Farraige – inbhir, cuanta nádúrtha, sundaí agus cuanta atá timpeallaithe ar thrí thaobh agus nach gá don duine dul níos faide ná 0.5 muirmhíle ón gcladach<br>• Sa dá chás ba chóir go mbeadh an méid is lú agus is féidir de thrácht tráchtála ann |
| **Trealamh Riachtanach** | • Báidín / bád lae inseolta cuí<br>• Ancaire<br>• Seaicéad tarrthála / áis snámhachta den mhéid cheart do gach duine ar bard (Ceadaithe de réir CE / ISO)<br>• Éadaí pearsanta cuí<br>• Fearas Garchabhrach<br>• Caoi ann le cabhair a lorg<br>• Léarscáil / Cairt, cur síos ar an mbealach agus compás |

**Gníomhaíochtaí contúirteacha is ea spóirt uisce a bhféadfadh baol suntasach a bheith ag baint leo. Níor chóir tabhairt fúthu ach amháin má bhíonn tuiscint iomlán ag an duine ar na contúirtí ar fad a bhaineann leo. Taobh leis na treoirlínte seo, ba chóir taithí phearsanta, iomas agus breithiúnas cúramach a chur san áireamh. Cuimhnigh ar shrianta do chuid scileanna, cloígh leo agus tú ag seoltóireacht**

- **Is gá réamhaisnéis na haimsire agus amanna na taoide a sheiceáil ar dtús**
- **Abair le duine éigin an áit a bhfuil tú ag dul agus an t-am atá i gceist agat le teacht ar ais**

### 7.2.1 Rabhaidh maidir le Conairí Cúrsála Báidíní

Mar is amhlaidh le gach córas chun conair a ghrádú, ní ann do chóras foirfe, go háirithe nuair atáthar ag iarraidh comhréiteach a bhaint amach idir eolas mionsonraithe agus eolas gonta. Dearadh an córas seo agus na rabhaidh seo a leanas ann.

- Is duine oilte a bhfuil an taithí chuí aige a dhéanfaidh an grádú a mheasúnú
- Mar a luaitear i gcuid 3.1.1.5, tá sé réasúnta le bheith ag súil go léireoidh cuairteoirí freagracht astu féin agus astu siúd atá faoin gcúram
- Ba chóir leas a bhaint as an ngrádú mar bhonn eolais i measúnú riosca ach ní féidir é a úsáid in ionad an mheasúnaithe. Ba chóir úsáideoirí a chur ar an eolas ar bhonn leanúnach maidir le haon ábhar iontais gan choinne atá ann
- Tá an t-aicmiú deartha maidir le gnáthlá. Bíodh sin mar atá, aithnítear go dtagann athrú in amanna ar limistéar uisce mar gheall ar athruithe san aimsir. Moltar aire a thabhairt nuair is íseal atá teocht an uisce agus teocht an aeir
- Tá seans ann go mbeidh tuilleadh eolais de dhíth ar fhorbróir agus úsáideoir deiridh na conaire le cinntí a dhéanamh, mar shampla scála Beaufort agus teochtaí uisce
- Tá cur chuige cúramach i gceist agus an grádú á scríobh. Tá sé dírithe orthu siúd nach bhfuil an oiread sin taithí acu (iad siúd ar mó seans go mbainfidís triail as Conair Uisce). Beidh seoltóirí a bhfuil neart taithí acu in ann triall leo ar dhobharlaigh atá ar leibhéil níos deacra ná an grádú seo.

## 7.3 Treoirlínte maidir le Conairí Cúrsála Báidín

### 7.3.1 Bealach / Conair

**Comhlíonann dearadh an bhealaigh na critéir íosta agus tá sé oiriúnach don úsáideoir atá beartaithe**

- Ba chóir don chonair cloí leis an nGrádú a bhaineann leis mar Chonair Cúrsála Báidín
- Ba chóir tús conaire amháin ar a laghad a shonrú ar Chonair Cúrsála Báidín a mbeidh seoltóirí in ann tosú as agus filleadh chuige
- Is gá don Chonair Cúrsála Báidín aistear fiúntach a thabhairt don taistealaí, ina mbeidh pointí díol spéise le feiceáil ón uisce, pointí molta chun báidín a chur ar ancaire iontu agus/nó pointí molta chun stopadh acu (lamairní, céanna, cuanta, pontúin)
- An réimse ama a mholtar don fhad turais ar an iomlán ná idir leathlá (3 uair an chloig) agus lá iomlán (6 uair an chloig)
- Ní foláir gach stráice den uiscebhealach a choinneáil saor ó bhac agus intrasnaithe. Ba cheart criosanna eisiaimh (mar gheall ar fhiadhúlra nó trácht tráchtála, mar shampla) a shonrú go soiléir ar an eolas do chuairteoirí
- Ba chóir go mbeadh turas pléisiúrtha cúrsála le fáil ar an gConair Cúrsála Báidín agus na nithe seo a sheachaint mar sin:
  - trácht tráchtála (dul trasna lánaí long)
  - áiteanna a bhfuil leibhéal ard tuile na taoide iontu
  - áiteanna a éiríonn tirim agus/nó a bhfuil uisce tanaí/carraigeacha iontu

### 7.3.2 Bonneagar Conairí

**Comhlíonann an bonneagar conairí uile na critéir íosta**

**Tús Conairí**

Beidh siad seo ann mar thús foirmiúil na conaire agus seo an áit a mbeidh ar chuairteoirí teacht isteach sa Chonair Cúrsála Báidín nó í a fhágáil. Beidh an leibhéal is airde úsáide i dtús na gconairí seo. Mar sin, ba chóir go gcloífeadh siad leis na critéir íosta seo a leanas:

- Páirceáil
  - Páirceáil ar shiúl ón mbóthar (poiblí) agus 10 spás ar a laghad ann (spás do leantóirí san áireamh)[16]
  - Cuas páirceála / bá lódála gar don ionad lóistíochta le gur féidir trealamh a dhícheangal / a dhílódáil
- Painéal Eolais – féach Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht 3.5
- Ionad foirmiúil lóistíochta / rigeála, is é sin ionad lóistíochta agus dromchla crua air (10m x 10m ar a laghad) lasmuigh den charrchlós agus gar don uisce le gur féidir trealamh a shocrú agus ullmhúchán a dhéanamh
- Rochtain éasca neamhshrianta ón bpáirceáil go dtí an bealach isteach chun an uisce
- Fánán atá oiriúnach don fheidhm atá leis, atá láidir, sábháilte agus inrochtana ag gach pointe de leibhéal an uisce (más uiscí taoide atá i gceist, tugtar na hamanna a mbeidh an fánán inrochtana). Tá moltaí eile in Aguisín C
- Lamairne, cé nó pontún ab fhearr (ach neamhriachtanach, é inrochtana ar gach pointe den taoide) agus é cóngarach don fhánán le go mbeifear in ann báidíní a fheistiú ionas gur féidir iad a lódáil agus a dhílódáil
- Na riachtanais atá ag oibritheoirí gníomhaíochtaí a chur san áireamh

**Pointí Fágála**

Níl sé riachtanach pointí tánaisteacha rochtana agus fágála a chur ar fáil, ach má chuirtear áiteanna stoptha breise ar fáil le bia a ithe, srl., cuirfidh sé sin leis an bhfiúntas atá le baint as an gConair Cúrsála Báidíní. Má chuirtear a leithéid ar fáil, ba chóir cloí leis na critéir íosta seo:

- Painéal Eolais – féach Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht 3.5
- Lamairne, pontún nó cé atá inrochtana ar gach pointe de leibhéal uisce (nó i gcás na taoide – amanna a mbeidh an fánán inrochtana) ionas go mbeifear in ann báidíní a fheistiú in aice a leithéid

**Áiteanna le Bád a chur ar Ancaire / a Fheistiú**

Níl sé riachtanach áiteanna le dul ar ancaire ná áiteanna lena fheistiú a chur ar fáil, ach má chuirtear áiteanna stoptha ar fáil le bia a ithe, srl., cuirfidh sé sin leis an bhfiúntas atá le baint as an gConair Cúrsála Báidíní. Má chuirtear ar fáil iad:

- Ba chóir eolas soiléir a thabhairt ar an léarscáil eolais do chuairteoirí maidir le háiteanna le dul ar ancaire / nach mbeadh cead dul ar ancaire (e.g. cúiseanna comhshaoil, seoltóireachta, príobháideachta)
- Ba cheart feistiú cuairteoirí a shonrú go soiléir ar an léarscáil eolais do chuairteoirí. Chuirfeadh sé leis an gconair dá mbeadh feistiú do chuairteoirí le fáil in áiteanna faoi fhoscadh chun pointí breise stoptha a chur ar fáil feadh na conaire.

## 7.3 Treoir maidir le Conairí Cúrsála Báidín

Tá Conairí Cúrsála Báidíní atá forbartha ag an Royal Yachting Association.

16 Is é is cúram d'Fhorbróir na gConairí Uisce an scála a theastaíonn i dtús conaire a dhéanamh amach



# 8 Conairí Snámha Faoin Aer

## 8.1 Cad is Conair Shnámha Faoin Aer ann?

**An sainmhíniú atá ar an snámh faoin aer ná aon snámh a dhéantar áit ar bith seachas linn snámha. Anuas ar an sainmhíniú ar Chonairí Uisce ó Chuid 1.2, is é is Conair Snámha Faoin Aer ann ná conair a dtugann snámhaí fúithi in uiscebhealach cósta nó intíre. Ar an gconair atá treoraithe nó féintreoraithe, faigheann duine deis ní hamháin gníomhaíocht coirp snámha a dhéanamh ach, lena chois, deis chun eolas a chur ar an timpeallacht agus an oidhreacht.**

Tá réimse rannpháirtithe in ann Conairí Snámha Faoin Aer a úsáid, idir 'Tosaitheoirí', iad siúd ar bheagán taithí nó gan aon taithí, agus 'Saineolaithe', sin daoine a bhfuil neart taithí acu i ndálaí atá níos dúshlánaí.

## 8.2 Grádú Conairí Snámha Faoin Aer

**Tá an grádú mar Chonair Snámha Faoin Aer bunaithe ar mheasúnú cruinn agus curtha i bhfeidhm**

Tá forbairt déanta ar Ghrádú Conairí Snámha Faoin Aer chun na nithe seo a dhéanamh:

- Tacú le Forbróirí Conairí Uisce conairí a dhearadh agus a fhorbairt a bheidh oiriúnach don leibhéal ab oiriúnaí úsáideora
- An cur chuige don mheasúnú riosca a threorú agus bearta maolaithe a d'fhóirfeadh don úsáideoir ar an leibhéal is fóirsteanaí. Mar shampla, seans go mbeidh stráice cósta oiriúnach ar chonair a úsáideann daoine atá ag obair ag 'Meánleibhéal' nó 'Ardleibhéal' seachas 'Tosaitheoir'.
- Modh pragmatach a chur ar fáil ionas gur féidir le forbróirí conairí oiriúnacht conaire a chur in iúl don rannpháirtí ar bhealach áisiúil
- Áiseanna le cinntí a dhéanamh a chur ar fáil don rannpháirtí

Táthar tar éis an grádú a fhorbairt i gcomhar le Cumann Snámha na hÉireann agus úsáideadh an Treoir VSG maidir le Snámh Faoin Aer.[17]

17 https://www.visitorsafety.group/topic-guidance/open-water-swimming/introduction/

D'fhéadfadh Conair Snámha Faoin Aer imeacht trí ghráid éagsúla, mar shampla cuan timpeallaithe (Uiscí Éasca) ar aghaidh chuig cósta fada (Uisce Measartha). Cur chuige inghlactha é seo. Mar sin féin, bheadh bearta maolaithe le sonrú mar chuid den mheasúnú riosca mar shampla eolas réamhchuairte, comharthaí a thugann eolas don úsáideoir roimh ré, gan aon ábhar iontais gan choinne ann.

## An oirfidh an Chonair Snámha Faoin Aer seo duitse?

| **Cur Síos Ginearálta** | **Uiscí Simplí – Tosaitheoirí** | **Uiscí Measartha – Meánleibhéal** | **Uiscí Dúshlánacha – Ardleibhéal** |
|---|---|---|---|
| **Oiriúnach dóibh seo** | Snámhaithe cumasacha a bhfuil go leor seasmhachta iontu fad na conaire a shnámh cibé aimsir atá ann<br><br>Iad siúd a bhfuil an t-eolas acu le teicnící fuaruisce agus clíomúcháin a úsáid le laghdú a bhaint amach i bhfreagairt an duine ar an suaitheadh mar gheall ar uisce fuar<br><br>Iad siúd a bhfuil tuiscint acu ar na nithe seo:<br>· Iarmhairt aimsire agus taoidí<br>· Iarmhairtí an tumtha in uisce fuar, is iad sin<br>- Suaitheadh fuar<br>- Hipiteirme<br><br>Moltar freastal roimh ré ar Chúrsa Sábháilteachta don Uisce Faoin Aer le Cumann Snámha na hÉireann | Snámhaithe cumasacha a bhfuil taithí acu san uisce faoin aer (le sé mhí anuas) agus go leor teacht aniar iontu fad na conaire a shnámh gan stró sna cúinsí mar a bhíonn siad<br><br>Iad siúd a bhfuil an t-eolas acu le teicnící fuaruisce agus clíomúcháin a úsáid le laghdú a bhaint amach i bhfreagairt an duine ar an suaitheadh mar gheall ar uisce fuar<br><br>Daoine a bhfuil an cumas agus an t-eolas acu na nithe seo a leanas a chur i bhfeidhm sna cúinsí:<br>· An tionchar a imríonn feachtaí, an aimsir agus tumadh san uisce fuar ar ghníomhaíochtaí snámha a aithint agus a thuiscint<br>· An t-eolas acu ar na céimeanna is cóir a ghlacadh má éiríonn aon duine rófhuar, iad féin san áireamh<br><br>Moltar freastal roimh ré ar Chúrsa Sábháilteachta don Uisce Faoin Aer le Cumann Snámha na hÉireann | Snámhaithe cumasacha a bhfuil taithí acu san uisce faoin aer (le sé mhí anuas) agus go leor teacht aniar iontu fad na conaire a shnámh gan stró sna cúinsí mar a bhíonn siad<br><br>Iad siúd a bhfuil an t-eolas acu le teicnící fuaruisce agus clíomúcháin a úsáid le laghdú a bhaint amach i bhfreagairt an duine ar an suaitheadh mar gheall ar uisce fuar<br><br>Daoine a bhfuil an cumas agus an t-eolas acu na nithe seo a leanas a sna dálaí:<br>· An tionchar a imríonn feachtaí, an aimsir agus tumadh san uisce fuar ar ghníomhaíochtaí snámha a aithint agus a thuiscint<br>· An t-eolas acu ar na céimeanna is cóir a ghlacadh má éiríonn aon duine rófhuar, iad féin san áireamh<br><br>Moltar freastal roimh ré ar Chúrsa Sábháilteachta don Uisce Faoin Aer le Cumann Snámha na hÉireann |
| **Fad** | Fad – 700m < 1km | Fad – 1km < 1.6km | Fad – 1.6km < 3km |
| **Dálaí** | I limistéar sonraithe snámha agus garda tarrthála ar fáil ag an bpointe rochtana<br><br>Úsáidfear baoithe chun crios nó cúrsa sainithe a léiriú<br><br>Limistéir Thaoide faoi Fhothain<br>Cuanta timpeallaithe gan mórán trácht tráchtála iontu ar chor ar bith, timpeallaithe ar thrí thaobh. | **Limistéir Thaoide faoi Fhothain**<br><br>**Stráice d'imeallbhord nó inbhear atá cóngarach do líne an chladaigh,** imeacht éasca ann, cuid sruthanna taoide ann ach gan fánsruthanna ná cuilitheáil ann<br>Uisce Intíre faoi Fhothain<br><br>**Aibhneacha** – Uisce atá ina stad nó a bhogann go han-mhall gan aon bhac ann | **Limistéir Thaoide faoi Fhothain**<br><br>**Stráice d'imeallbhord nó inbhear atá cóngarach do líne an chladaigh,** imeacht éasca ann, cuid sruthanna taoide ann ach gan fánsruthanna ná cuilitheáil ann<br>Uisce Intíre faoi Fhothain |

## Ar lean.

| Cur Síos Ginearálta | Uiscí Simplí – Tosaitheoirí | Uiscí Measartha – Meánleibhéal | Uiscí Dúshlánacha – Ardleibhéal |
|---|---|---|---|
| **Dálaí ar leanúint** | **Cuanta beaga timpeallaithe** – timpeallaithe ar thrí thaobh<br><br>**Tránna sainithe** – stráice gairid de thrá agus modh imeachta éasca i ngach áit uirthi, gan aon fhánsruthanna ná cuilitheáil iontu<br><br>**Inbhir** – na léinseacha uachtair in inbhir áirithe atá oiriúnach agus uisce ag sruthlú go mall iontu.<br><br>**Uisce Intíre faoi an-Fhothain** Canálacha a bhfuil rochtain orthu agus fágáil uathu ar thaobh an bhruaigh acu agus méid an-bheag de thrácht tráchtála iontu<br><br>**Lochanna Beaga** nach bhfuil láithreacha imeachta casta ag baint leo agus nach bhfuil chomh mór sin go mbeadh fadhbanna ann dá dtiocfadh athrú tobann ar an aimsir<br><br>**Aibhneacha** – láithreáin faoi leith ar aibhneacha malla | **Lochanna** (nó codanna de lochanna) – achar 250m ar a mhéad ó chladach go cladach. Is mar uiscí dúshlánacha a dhéantar iad seo a aicmiú nuair atá an ghaoth ag séideadh ar shiúl ón gcladach/ó phointe an tseolta | **Aibhneacha** – Uisce atá ina stad nó a bhogann go han-mhall gan aon bhac ann (Grád 1)<br>Uiscí Inmheánacha measartha<br><br>**Lochanna** – Lochanna suas le 3km ar trastomhas. Ba chóir aire a thabhairt agus snámh ar bun ar lochanna den mhéid seo. Níl dálaí aimsire ina mbeadh gaotha os cionn Fhórsa 4 mar chuid den sainmhíniú seo. (20–28 km/h) |
| **Trealamh a theastaíonn** | **Riachtanach**<br>· Hata snámha sileacóin geal daite<br>· Snámhán<br>· Spléaclaí snámha<br>· Plugaí cluaise<br><br>**Roghnach**<br>· Culaith uisce<br>· Hata snámha, lámhainní agus/nó buataisí neoipréine<br>· Bróga snámha<br>· Athrú éadaí<br>· Mata gléasta | **Riachtanach**<br>· Hata snámha sileacóin geal daite<br>· Snámhán<br>· Spléaclaí snámha<br>· Plugaí cluaise<br><br>**Roghnach**<br>· Culaith uisce<br>· Hata snámha, lámhainní agus/nó buataisí neoipréine<br>· Bróga snámha<br>· Athrú éadaí<br>· Mata gléasta | **Riachtanach**<br>· Hata snámha sileacóin geal daite<br>· Snámhán<br>· Spléaclaí snámha<br>· Plugaí cluaise<br><br>**Roghnach**<br>· Culaith uisce<br>· Hata snámha, lámhainní agus/nó buataisí neoipréine<br>· Bróga snámha<br>· Athrú éadaí<br>· Mata gléasta |

Gníomhaíochtaí contúirteacha is ea spóirt uisce a bhféadfadh baol suntasach a bheith ag baint leo. Níor chóir tabhairt fúthu ach amháin má bhíonn tuiscint iomlán ag an duine ar na contúirtí ar fad a bhaineann leo. Taobh leis na treoirlínte seo, ba chóir taithí phearsanta, iomas agus breithiúnas cúramach a chur san áireamh.

- Is gá réamhaisnéis na haimsire agus na dálaí aimsire a sheiceáil ar dtús. Féadtar grádú conairí a athrú de réir mar a éiríonn an aimsir níos measa. Moltar aire a thabhairt nuair is íseal atá teocht an uisce agus teocht an aeir.
- Ná himigh ag snámh leat féin in am ar bith – úsáid córas carad i gcónaí
- Abair le duine éigin an áit a bhfuil tú ag dul agus an t-am atá i gceist agat le teacht ar ais

#### 8.2.1 Rabhaidh maidir le Conairí Snámha Faoin Aer

Mar is amhlaidh le gach córas chun conair a ghrádú, ní ann do chóras foirfe, go háirithe nuair atáthar ag iarraidh comhréiteach a bhaint amach idir eolas mionsonraithe agus eolas gonta. Dearadh an córas seo agus na rabhaidh seo a leanas ann.

- Is duine oilte a bhfuil an taithí chuí aige a dhéanfaidh an grádú a mheasúnú
- Mar a luaitear i gcuid 3.1.1.5, tá sé réasúnta le bheith ag súil go léireoidh cuairteoirí freagracht astu féin agus astu siúd atá faoin gcúram
- Ba chóir leas a bhaint as an ngrádú mar bhonn eolais i measúnú riosca ach ní féidir é a úsáid in ionad an mheasúnaithe. Ba chóir úsáideoirí a chur ar an eolas ar bhonn leanúnach maidir le haon ábhar iontais gan choinne atá ann
- Tá an t-aicmiú deartha maidir le gnáthlá. Bíodh sin mar atá, aithnítear go dtagann athrú in amanna ar limistéar uisce mar gheall ar athruithe san aimsir. Moltar aire a thabhairt nuair is íseal atá teocht an uisce agus teocht an aeir
- Tá seans ann go mbeidh tuilleadh eolais de dhíth ar fhorbróir agus úsáideoir deiridh na conaire le cinntí a dhéanamh, mar shampla Scála Beaufort agus teochtaí uisce
- Tá cur chuige cúramach i gceist agus an grádú á scríobh. Tá sé dírithe orthu siúd nach bhfuil an oiread sin taithí acu (iad siúd ar mó seans go mbainfidís triail as Conair Uisce). Beidh snámhaithe a bhfuil neart taithí acu in ann triall leo ar dhobharlaigh atá ar leibhéil níos deacra ná an grádú seo.

### 8.3 Treoir maidir le Grádú Conairí Snámha Faoin Aer

**Tá gnéithe éagsúla le cur san áireamh agus an chonair agus bonneagar na conaire á bpleanáil – tugtar treoir sa chuid seo ar gach ceann acu sin.**

#### 8.3.1 Bealach / Conair

**» Comhlíonann dearadh an bhealaigh na critéir íosta agus tá sé oiriúnach don úsáideoir atá beartaithe**

- Ba chóir don chonair cloí leis na coinníollacha atá sa chuid ábhartha den Ghrádú le haghaidh Conairí Snámha Faoin Aer. Is féidir níos mó ná grád amháin a úsáid ar chonair fad is go gcuirfear an cuairteoir ar an eolas faoi sin roimh ré
- Ar Chonair Snámha Faoin Aer, is gá pointe amháin ar a laghad i dtús na conaire a shonrú ar féidir leis an snámhaí imeacht uaidh agus filleadh air agus é nó í ag snámh, i.e. aistear A go A
- Má tharlaíonn go bhfuil cead ann dul ar an talamh (mar shampla bealach siúil), is féidir le snámhaithe ar Chonairí Snámha faoin Aer dul ó A go B san uisce agus ansin siúl ar ais chuig B.
- Agus an bealach á dhearadh i gcomhair conairí atá níos faide, ba chóir cuimhneamh ar phointí fágála a sholáthar ar eagla go mbeadh ar dhuine imeacht ar chúiseanna éigeandála nó neamhbheartaithe
- I gcás áiteanna ina bhfuil cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí áineasa agus / nó gníomhaíochta bádóireachta tráchtála ar bun, ba chóir plé a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara chun teacht ar chur chuige i leith gníomhaíochtaí a shocrú de réir criosanna. An prionsabal atá taobh thiar de seo ná le criosanna a leagan amach inar féidir gach gníomh a dhéanamh gan ceann amháin a bheith ag teacht salach ar cheann eile. Is féidir é seo a bhaint amach má úsáidtear meascán d'eolas do chuairteoirí, comharthaí agus, i gcásanna áirithe, baoithe. Sa chás seo is gá an crios don snámh a leagan amach go soiléir ar léarscáil
- Uisce Éasca – Ba chóir Conairí do Thosaitheoirí a chur i limistéir atá leagtha amach go sonrach don snámh agus garda tarrthála ann. Ba chóir baoithe a úsáid chun an chonair (crios nó cúrsa) a shonrú go soiléir.

- Caithfear an t-aicmiú 'dóthanach' a bheith ag Stádas an Uisce Snámha i gcomhréir leis an Treoir um Uisce Snámha[19]
- Tá sé ina príomhghné den snámh faoin aer go mbeidh deis ag daoine breathnú ar thimpeallacht agus oidhreacht an uiscebhealaigh agus nithe a fhoghlaim fúthu – ba chóir mar sin go mbeadh deis ag daoine é sin a dhéanamh ar an gconair.

### 8.3.2 Bonneagar Conairí

**Glactar leis sna treoirlínte seo go mbainfear an leas is fearr agus is féidir as an mbonneagar atá ann cheana féin, seachas caiteachas suntasach a thabhú le struchtúr nua a thógáil ná infheistíocht chostasach.**

**Comhlíonann an bonneagar conairí uile na critéir íosta**

**Tús Conairí**

Beidh siad seo ann mar thús foirmiúil na conaire agus seo an áit a mbeidh ar chuairteoirí teacht isteach sa Chonair Snámha Faoin Aer nó í a fhágáil. Beidh an leibhéal is airde úsáide i dtús na gconairí seo. Mar sin, ba chóir go gcloífeadh siad leis na critéir íosta seo a leanas:

- Páirceáil ar shiúl ón mbóthar (poiblí) agus 10 spás ar a laghad ann
- Painéal Eolais – féach Eolas do Chuairteoirí agus Comharthaíocht 3.5
- Ionad foirmiúil lóistíochta, is é sin ionad lóistíochta (3m x 3m ar a laghad) lasmuigh den charrchlós le gur féidir trealamh a shocrú agus ullmhúchán a dhéanamh
- Bealach éasca gan srian ón ionad lóistíochta isteach chuig an uisce agus dromchla mín ar an talamh
- Ba chóir go mbeadh daoine in ann dul isteach san uisce agus imeacht uaidh ar gach céim den taoide, bíodh sé sin ar chéimeanna, fánán nó trá. Ba chóir gan pointí rochtana agus fágála a úsáid in áiteanna ar gá dul thar charraigeacha a bhfuil feamainn orthu.
- I gcás bonneagar rochtana uisce, ba chóir dó a bheith oiriúnach don fheidhm, láidir agus sábháilte ar gach pointe de leibhéal an uisce
- Má bhíonn cé oibre á húsáid, ba chóir an bealach isteach agus amach a shocrú achar maith ar shiúl ó láthair oibre na cé nó an chalafoirt.
- Na riachtanais atá ag oibritheoirí gníomhaíochtaí a chur san áireamh
- Uisce Éasca – Ba chóir garda tarrthála aitheanta a sholáthar ar Chonairí do Thosaitheoirí

Tá na nithe seo a leanas inmhianaithe chomh maith:

- Tomhsaire digiteach teochta uisce
- Foscadh / áit feistis le suí síos agus an duine ag athrú éadaí
- Cith / sconna gréine amuigh le trealamh a ghlanadh agus a shruthlú
- Crúcaí le tuáille / róba a chrochadh orthu
- Sconna úruisce
- Dífhibrileoir

19 Aithnítear go bhfuil seans ann nach mbeidh an t-ionad don Chonair Snámha Faoin Aer mar chuid de chóras tástála an Údaráis Áitiúil. Ba chóir d'fhorbróir na conaire a léiriú go bhfuil measúnú déanta aige ar chaighdeán an uisce snámha agus plé déanta leis an údarás áitiúil le go mbeidh an chonair mar chuid de bhabhtaí tástála san am atá le teacht.

# Aguisíní



# Aguisín A:
# Dliteanas Áititheoirí

**Forléargas**
San Acht um Dhliteanas Áititheoirí, 1995 ("Acht 1995"), tugtar aghaidh ar risíocht dhlíthiúil úinéirí talún agus áititheoirí i ndáil le héilimh ag eascairt ó dhíobhálacha do chineálacha difriúla úsáideoirí áitribh agus an dualgas ar áititheoirí cúram a ghlacadh i leith na n-úsáideoirí sin.

In Alt 1 in Acht 1995, deimhnítear go sonrach go bhfolaíonn áitreabh talamh, uisce agus aon déanmhais dhochta nó shochorraithe air, agus is é an sainmhíniú a thugtar ar áititheoir ná *"duine a fheidhmíonn rialú ar riocht an áitribh ionas gur réasúnach dualgas a fhorchur ar an duine sin maidir le hiontrálaí i leith contúirt áirithe san áitreabh".*

Tá fairsinge an dualgais cúraim atá ar gach áititheoir i leith úsáideoirí ag brath ar an smacht atá ag an áititheoir ar an áitreabh, na contúirtí atá le fáil ar an áitreabh, agus aicmiú an chuairteora: (i) cuairteoir (ii) úsáideoir áineasa (iii) foghlaí.

I gcás na gconairí uisce, is iad na húdaráis áitiúla an t-áititheoir/úinéir talún a bheidh ann in go leor cásanna feadh bruacha uisce agus pointí isteach feadh Conairí Uisce. Maille leis sin, tá sé nach mór cinnte gur mar *"úsáideoirí áineasa"* a dhéanfar úsáideoirí na gConairí Uisce a aicmiú.

I gcás go bhfuil réadmhaoin úinéirí talún/áititheoirí eile mar chuid de Chonair Uisce, caithfidh an Forbróir socruithe cuí a dhéanamh leis an té sin, slánaíocht faoi árachas an Fhorbróra ar cheann acu.

**An dualgas atá ag dul d'úsáideoirí áineasa**
Is éard is úsáideoir áineasa ann, chun críocha Acht 1995, duine atá i láthair in áitreabh (ar an uisce san áireamh), le cead an áititheora nó gan cead an áititheora nó ar chuireadh intuigthe a fháil ón áititheoir, chun gabháil do ghníomhaíocht áineasa, cuir i gcás seoltóireacht, radhairc, cadhcáil srl., gan táille a bheith forchurtha.

Tá an dualgas cúraim atá dlite d'úsáideoir ar leibhéal níos ísle ná mar atá dlite do chuairteoir ach ar leibhéal níos airde mar atá dlite d'fhoghlaí. Go háirithe, ceanglaíonn alt 4 d'Achtanna 1995 ar áititheoir gan *"díobháil a dhéanamh d'aon turas"* don úsáideoir áineasa agus *"gan neamhaird a thabhairt go meargánta"* air. In ainneoin nach dtugtar sainmhíniú foirmiúil ar *"neamhaird mheargánta"*, tugtar tosca áirithe in Acht 1995 ar gá iad a mheas agus cinneadh á dhéanamh faoina bhfuil an t-áititheoir ag léiriú "neamhaird mheargánta" sna dálaí faoi leith.

Tá tosca ábhartha bunaithe den chuid is mó ar an eolas atá ag an áititheoir i dtaca leis na contúirtí a bhaineann leis an áitreabh agus na cineálacha cosanta réasúnta ar chóir don áititheoir iad a chur i fáil. Ba cheart aird a thabhairt ar an deacracht, costas agus dodhéantacht a bhainfeadh leis na cineálacha cosanta sin a shocrú.

Tosca an-ábhartha eile i gcomhthéacs Conairí Uisce ná tréithe an áitribh ó thaobh gníomhaíocht áineasa de, go mbeifí ag iarraidh cloí le traidisiún na fáilte oscailte, chomh maith le foláirimh ón áititheoir agus an cúram réasúnta a bheadh le léiriú ag an úsáideoir áineasa.

Maidir leis an dualgas atá ar áititheoirí i leith úsáideoirí, réimse é sin atá tagtha chun dlí go minic. Is léir nach luíonn na cúirteanna ualach róthrom ar áititheoirí nuair is úsáideoirí áineasa atá i gceist, go háirithe má bhaintear an-úsáid áineasa ar bhonn sóisialta as an áit agus más léir na rioscaí atá ann d'úsáideoirí.

**Conclúid**
Ós rud é go bhfuil an áisiúlacht shóisialta agus na contúirtí a bhaineann le gníomhaíochtaí uisce áineasa réasúnta soiléir agus follasach, tá sé réasúnta le bheith ag súil le go mbeidh úsáideoirí áineasa cúramach sa chomhthéacs sin go háirithe. Maidir leis an dualgas cúraim atá ar áititheoirí ó thaobh úsáideoirí áineasa de i gcomhthéacs thionscadail na gConairí Uisce, ní dualgas ródhúshlánach atá i gceist.

Chomh maith leis sin, má chuirtear san áireamh raon agus fairsinge na n-uiscebhealaí atá i gceist, tá teorainn leis na cineálacha cosanta a mbeifí ag dúil le háititheoir iad a chur i bhfeidhm.

Mar sin féin, ar ndóigh, beidh sé seo ag brath ar gach saoráid/Conair Uisce faoi bhainistíocht tabhairt faoi mheasúnú riosca agus beart rialaithe rioscaí chun bearta coisctheacha agus cosanta faoi leith a shocrú.

Ba chóir do gach forbróir Conairí Uisce comhairle neamhspleách dlí/árachais a fháil ó dhuine cáilithe maidir lena chuid forbraíochtaí féin. Lena chois sin, tá sé riachtanach foláirimh chuí agus comhairle sábháilteachta uisce a chur isteach go soiléir in ábhar poiblíochta, clóite agus ar líne, agus ag tús gach conaire/ag an mbealach isteach chun na Conaire Uisce ionas gur lú seans go mbeidh cás dlí ann.

# Aguisín B:
# Teimpléad Samplach don Mheasúnú Riosca

| **SUÍOMH** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí atá ar siúl ar an suíomh seo** | | | | | | |
| Grúpa Sábháilteachta Cuairteoirí – Aicmiú an Speictrim Rialaithe Rioscaí | | | | | | |
| | Leibhéal Úsáide ag Cuairteoirí, Áit agus Tír-raon | | Leibhéal scile, neamhspleáchais agus freagrachta pearsanta an Chuairteora | | An leibhéal agus cineál bainistíochta guaiseacha a theastaíonn | |

| Guaiseacha | Cé dá ndéanfaí dochar? | Cén dochar a dhéanfaí dóibh agus cé na cúiseanna a bheadh ann? | An leibhéal riosca tosaigh Roimh na bearta rialaithe | Bearta Rialaithe | An leibhéal riosca iarmharaigh Agus an beart rialaithe i bhfeidhm | Bearta breise rialaithe á sonrú ó fheidhmiú, monatóireacht agus athbhreithniú |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Severity | | Severity | |
| | | | Liklihood | | Liklihood | |
| | | | Risk Level | | Risk Level | |
| | | | Severity | | Severity | |
| | | | Liklihood | | Liklihood | |
| | | | Risk Level | | Risk Level | |

# Aguisín C:
# Bonneagar Conairí Céaslóireachta - Moltaí Eile

**Páirceáil Carranna**
Ba chóir áiseanna páirceála faoi leith a chur ar fáil i dtús conairí, is é sin ar shiúl ón mbealach poiblí. Is ar Fhorbróir na Conaire Uisce atá an cúram chun scála thús na conaire a dhéanamh amach. Má táthar chun carrchlós/áis atá ann cheana féin a úsáid, tá sé tábhachtach an úsáid a bhaintear as faoi láthair a chur san áireamh. Má bhíonn an carrchlós lán cheana féin ag deireadh na seachtaine, beidh tuilleadh spásanna de dhíth.

Agus carrchlóis á bhforbairt, is gá an dromchla a mheas le go mbeidh sé oiriúnach don áit. Is féidir táirgí mar TRUCKPAVE a úsáid seachas tarmac nó gairbhéal.

Agus carrchlós á dhearadh, ba cheart na nithe seo a chur san áireamh:

- an spás a bheidh de dhíth chun feithiclí agus leantóirí canú a thiomáint chomh maith leis na riachtanais lódála agus díluchtaithe a bheith ann
- bíonn cuanta fairsinge páirceála ag teastáil mar gheall ar an trealamh a bhaineann le gníomhaíochtaí céaslóireachta (canúnna, cadhcanna, cláir sheaschéaslóireachta)
- is féidir bacainní airde a úsáid i gcarrchlós chun mí-úsáid a chosc, ach ba chóir a chur san áireamh leis na bacainní sin gur gá do charranna canúnna a iompar ar raca dín agus mionbhusanna leantóirí a úsáid. Is gá airde 2m a chur ar fáil do charranna ar a laghad, ach ba chóir próiseas bainistíochta a mheas nuair is dócha go stopfaidh na bacainní feithicil atá ag teacht isteach.

**Ionad Lóistíochta Foirmiúil**
Is éard atá san ionad lóistíochta foirmiúil ná spás cruinnithe ionas gur féidir trealamh a bhailiú le chéile i dtús na conaire gar don pháirceáil agus ar an tslí isteach chun an uisce.

I gcás go mbíonn ionaid lóistíochta neamhfhoirmiúla sa charrchlós, an toradh a bhíonn ar a leithéid ná go mbíonn árthach agus trealamh spóirt uisce ina luí go míchúramach, go gcuirtear isteach ar ghluaiseacht úsáideoirí agus go mbíonn seans níos mó ann go mbeidh gadaíocht, sleamhnú, tuisle agus titim ann. Ba leor ionad lóistíochta trí mhéadar faoi thrí mhéadar déanta as coincréit nó gairbhéal dlúthaithe.

**Rochtain éasca neamhshrianta ón bpáirceáil go dtí an bealach isteach chun an uisce**
Beidh stráice gairid de chonair shiúil ag teastáil go hiondúil don tslí idir an t-uisce agus tús na conaire.

Níor chóir go mbeadh na conairí seo ag feidhmiú mar fhánaí draenála. D'fhéadfadh creimeadh a bheith ann dá bharr, agus d'fhéadfadh a leithéid ithir agus
éilleáin eile a thabhairt isteach sa Chonair Uisce. Moltar na prionsabail agus critéir seo a leanas a úsáid ar chonairí mar seo:

- Grádán 10% ar a mhéad ba chóir a bheith sa chonair ón ionad páirceála go pointe an tseolta
- Droim na conaire 2% ar a mhéad
- Tá spásanna scíthe (fána 3% ar a mhéad) riachtanach ar chonairí atá níos faide ná 100 méadar a bhfuil fána níos mó ná 5% iontu. Go háirithe ag pointe fágála uisce conairí
- Gan aon titim ná aon ghnéithe eile le bheith ar chonairí a d'ardódh an riosca go mbeadh linn ann
- Leithead conaire 2 mhéadar ar a laghad
- Glanspás lastuas 2.5 méadar ar a laghad
- Glanadh luasctha ar chastaí 2 mhéadar a cheachtar taobh den chonair.

Tá seans ann gur ghá sconsa a chur isteach nó glasra a fhás ar an gciumhais idir an chonair/carrchlós agus an t-uisce ionas nach rachfar isteach san uisce gan chuimhneamh.

**Ba chóir do phointí lainseála a bheith oiriúnach don fheidhm, láidir agus sábháilte ar gach pointe de leibhéal an uisce**

Beidh fuascailtí saincheaptha don áit féin ag teastáil go minic i gcás pointí lainseála nó pointí rochtana ar an uisce. Tá modhanna molta éagsúla sna treoirlínte seo a leanas:

- Ba cheart áiseanna atá ann cheana féin a úsáid (nuair is féidir) ionas gur féidir an chonair a fhorbairt. Is fearr é sin a dhéanamh anois seachas bonneagar breise nua a thógáil. Mar sin féin:
  - Níor cheart glacadh leis go bhfuil cead ag gach úsáideoir uisce úsáid a bhaint as bonneagar reatha, mar shampla cuan, fánán, pontún nó lamairne. Tá seans ann go ndearnadh é a leithéid faoi choinne úsáid shonrach, mar shampla slatiascairí, báid farantóireachta, árthach iascaireachta. Dá bhrí sin, is gá tabhairt dul i mbun comhairliúcháin agus cead a fháil
  - Tá seans ann go mbeidh bonneagar atá ann cheana féin le leasú. Mar shampla, is deacair in amanna pontúin normálta ar snámh a úsáid chun imeacht as cadhc ó gur minic go mbíonn an iomarca airde idir an pontún agus an t-uisce. Is féidir pontúin íslithe go leibhéal an uisce a cheangal leis sin a réiteach.

- Agus pointí rochtana ar an uisce á ndearadh agus á lonnú, ba chóir dálaí rialta na háite a chur san áireamh, cuir i gcás gaoth, taoide, treo an tsrutha, éagsúlacht i leibhéil an uisce. Ba chóir go mbeidh an láthair lainseála deas suaimhneach mar áit le tús a chur le turas ar Chonair Chéaslóireachta.

| Bonneagar | Toisí | Nóta |
|---|---|---|
| **Rochtain agus Fágáil – airde lamairne** | · An airde is fearr don lamairne os cionn an uisce – 300mm nó níos ísle ná sin<br>· An airde ar a mhéad don lamairne os cionn an uisce – 700mm | · Má bhíonn athruithe i leibhéal an uisce ar aibhneacha, tá céimeanna cadhc ar an réiteach is oiriúnaí agus is éifeachtaí ó thaobh costais de<br>· Ba chóir pontún ar snámh a úsáid má bhíonn athruithe suntasacha i leibhéil an uisce<br>· Má bhíonn airde os cionn 600mm i gceist, seans gur gá greamáin láimhe ar airde níos ísle a úsáid chomh maith<br>· Más rud é go bhfuil sreabhadh suntasach uisce thart ar an lamairne, ba chóir an airde a shocrú níos gaire don airde is fearr seachas an airde ar a mhéad<br>· Pointí oiriúnacha rochtana agus fágála is ea tránna agus fánáin chomh maith, más rud é go bhfuil siad gan chumhdach ar gach céim den taoide, nó ar na gnáthleibhéil d'uisce locha |

| Bonneagar | Toisí | Nóta |
| --- | --- | --- |
| **Rochtain agus Fágáil – lamairní** | · An airde is fearr don lamairne os cionn an uisce – 300mm nó níos ísle ná sin<br>· An airde ar a mhéad don lamairne os cionn an uisce – 700mm<br>· Toisí íosta don lamairne, fad – 800mm, leithead – 300mm<br>· Toisí is fearr don lamairne, fad – 3 mhéadar, leithead – 1.5 méadar<br>· Fána chun an lamairne agus uaidh – 1:3 ar a mhéad is fearr<br>· Éadan céime – 250mm de ghnáth | · Ba chóir go leor spáis a fhágáil ar lamairní ionas gur féidir céasla na rannpháirtithe a leagan ar an gcladach chomh maith leis an ngluaiseacht coirp a dhéanamh a theastaíonn chun dul isteach sa chanú/cadhc nó chun teacht amach as |
| **Rochtain agus Fágáil – bacainní roimh lamairne** | · Moltar bruach abhann 3 mhéadar gan chonstaic a bheith ann | · Fad idir 1.6 méadar agus 2 mhéadar a bhíonn sa chanú/sa chadhc |
| **Rochtain agus Fágáil – dromchla lamairní** | · B'fhearr an t-imeall den lamairne is cóngaraí don uisce a chasadh go ga 50 céim | · Laghdú ar ghortú ó thitim, agus laghdú ar dhamáiste ó chuimilt ar chanú/cadhc |
| **Sleamhnáin canúnna** | · Ba chóir an pointe ceangailte agus stáinsí á n-ísliú a shocrú ar leibhéal níos airde ná an pointe is airde ar an sleamhnán<br>· B'fhearr sleamhnáin canúnna a shocrú ar 45 céim, ach is é fána bruaigh a dhéanfaidh é a shocrú<br>· Is fearr rochtain a thabhairt ar an dá thaobh den chanú i ndeireadh an tsleamhnáin<br>· Ba chóir adhmad nó plaisteach marthanach a úsáid mar an dromchla sleamhnáin<br>· Ba chóir coirnéil ghéara a sheachaint i ngach áit sleamhnáin<br>· Níor chóir go mbeadh daoine in ann sleamhnú mar gheall ar dhearadh an tsleamhnáin<br>· Tá cur síos cuí agus comharthaí sábháilteachta riachtanach | · Déanfar airde stáinsí a shocrú bunaithe ar airde an tsleamhnáin<br>· As plaisteach a dhéantar canúnna de ghnáth agus is féidir iad a scríobadh go furasta ar dhromchlaí géara<br>· Má bhíonn fánán ann agus é ró-éadomhain, beidh an canú le tarraingt anuas mar gheall ar an bhfrithchuimilt idir an canú agus dromchla an tsleamhnáin<br>· Ba chóir iarraidh ar lucht curachóireachta oscailte téadáin feistithe (téadáin don ghob agus don phosta) a thabhairt leo, ceann acu chomh fada leis an mbád, ó gur féidir na téadáin a úsáid chun an canú a ísliú ar shleamhnáin |
| **Bealaí iompair** | · Is fearr bealach iompair níos lú ná 100 méadar a bheith ann | · Thart ar mheáchan 20 cileagram a bhíonn i gcanúnna oscailte gan lasta<br>· Seans gurbh fhearr rothaí tralaí a chur ar fáil |
| **Toisí bealaí iompair** | · Fad suas le 6 mhéadar agus leithead suas le 1 mhéadar amháin a bhíonn sa chanú oscailte. Caithfidh gach pointe tiontaithe ar bhealach iompair a bheith ann glacadh leis sin nó le tógáil an bháid | · Is féidir canúnna talún a thógáil ar thaobh amháin ionas gur féidir iad a thiontú i spásanna cúnga. Is deacair é sin a dhéanamh, áfach, mar gheall ar chomh trom atá siad |


# Aguisín D:
# Fánán Conaire Cúrsála Báidín – Moltaí Eile

**Sa chuid is mó de chásanna, bainfear leas as bonneagar fánáin atá ann cheana féin ar chonairí cúrsála báidíní seachas áiseanna nua a fhorbairt.**

Ba chóir innealtóir cáilithe oilte a fháil chun aon fhorbairt ar fhánán nua a threorú. Bíodh sin mar atá, seo na nithe ba chóir a chur san áireamh agus fánáin nua á bhforbairt nó plé ann maidir le fánáin atá ann cheana a úsáid:

- **Áit faoi fhothain** – Ba chóir an fánán a chur in áit nach féidir le tonnta briseadh ar éadan an fhánáin ná trasna an éadain
- **Tras-sruthanna a sheachaint** – má bhíonn uisce ag sruthú go cliathánach thar fhánán, féadfaidh a leithéid daoine a tharraingt ó thaobh an fhánáin agus iad ag iarraidh báid a lainseáil nó a aimsiú
- **Fána Cuí** Is fearr fánaí idir 7–12 chéim. Má bhíonn fána níos lú ná 7 gcéim ann, féadfaidh a leithéid a bheith mar dhúshlán i leith leantóir a thumadh go leibhéal cuí chun báidíní seoltóireachta atá níos mó a lainseáil nó a aimsiú. Cuireann fánaí atá níos mó ná 12 chéim brú gan chúis ar fheithiclí tarraingthe uaireanta
- **Titimí ingearacha a sheachaint** – ba chóir titimí isteach in uisce domhain i ndeireadh fánáin a sheachaint. An baol atá ann ná go dtitfeadh daoine ó chríoch an fhánáin nó go mbeadh leantóir sáinnithe ar an imeall.
- **Greim** – Tugann coincréit dromchla ard-fhrithchuimilte do rothaí agus do chosa. Ba chóir córas láidir glantóireachta a bheith i bhfeidhm ionas nach mbeidh dúshláin mar fhiailí agus algaí ann
- **Comharthaí** – tá treoir ar fáil ó Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála (RNLI) maidir le comharthaí ar fhánáin phoiblí

# Aguisín E: Speictream Rialaithe Rioscaí an VSG (Grúpa Sábháilteachta Cuairteoirí)



SPÓRT ÉIREANN FAOIN SPÉIR | SPORT IRELAND OUTDOORS

**Spórt Éireann**
An Clós, Campas Spórt Éireann
Bóthar Snugborough, Baile Bhlainséir
D15 PN0N, Éire
Fón: +353-1-860 8800

www.sportireland.ie